



Tuarascáil Bhliantúil

agus Cuntais 2010



TAOBH ISTIGH:

Rangaíodh Éire i Rogha 20 na Náisiún

Comhoibríonn Taighdeoirí Bunaithe in Éirinn le 58 Tír

Téann 500 Cuideachta i gComhpháirtíocht le chéile i leith Taighde





Is é an teideal atá ar an íomhá Clúdaigh ná **'The Art of Detecting Cancer'** (An Cheird um Aisle a Bhrath). Bhuaigh an íomhá seo Comórtas Íomhá Taighde SFJ 2010 agus is é an tOllamh Malini Olivia, OE Gaillimh a chum í. Is í an eolaíocht atá mar bhonn le himscrúdú nádúrtha na hailse chun staidéar a bhaint as fluaraiseacht nádúrtha na hailse chun staidéar a dhéanamh ar phaiteolaíocht ailse. Ba mhaith leis an Ollamh Olivo ailse a bhrath go luath trí úsáid a bhaint as fluaraiseacht nádúrtha. Léiríonn an íomhá seo an fhluaraiseacht nádúrtha, nó uath-fhluaraiseacht inginiúil, ó fhúileadán mór i bhfóchán ailse béil. Is ó fhluarafóir inginiúla nádúrtha atá i bhfóchán a thagann na dathanna éagsúla. Eiríonn siad seo fluaraiseach nuair a chaitear solas léasair orthu. Tógadh an íomhá seo le gníomhachtú solais ó mhicreascóp léasair gorm na Gríosann nó gníomhachtáil an solas léasair gorm na fluarafóir chun solas a astú de réir tonnfhad éagsúil. Tá mórán próitéiní nádúrtha ar nós porfáirín, collaigin agus leistin sa fluarafóir chun solas a astú de réir tonnfhad éagsúil. Tá mórán nuair a gníomhachtáitear iad le solas. Tugann speicream an siad, agus is iad is cúis le breo na bhfluaraifóir ó dhearg go gorm nuair a gníomhachtáitear iad le solas. Tugann speicream an fhócháin ailse síniú speicreach den ailse dúinn a chuireann ar chumas duine iáirdhealú a dhéanamh idir na hathruithe paiteolaíocha atá ar bun ag leibhéal móilíneach.

Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2010

Clár Ábhair

➤ Fís & Ráitis Misin SFI	2
➤ Bunluachanna SFI	3
➤ Ráiteas an Chathaoirligh	6
➤ Ráiteas an Ard-Stiúrthóra	8
➤ Éachtaí 2010	10
➤ Dámhachtainí Nua in 2010	23
➤ Fógraí Reachtúla agus Eile	24
➤ Struchtúr Eagraíochtúil	28
➤ Próifíl na gComhaltaí Boird SFI	29
➤ Ráitis Airgeadais 2010	31
➤ Ceangaltais Deontais agus Anailís Íocaíochtaí 2010	44



Fís:

Beidh Éire ina ceannaire eolais domhanda a chuireann taighde eolaíoch agus innealtóireachta i gcroílár a sochaí chun forbairt eacnamaíochta agus dul chun cinn sóisialta a chumhachtú.



Misean:

Déanfaidh SFI forbairt agus neartú ar thaighde eolaíoch agus innealtóireachta agus ar a infreastruchtúr sna réimsí lena mbaineann an luach straitéiseach is mó leo d'iomáochas agus d'fhorbairt fhadtéarmach na hÉireann.

Cuireann na Bunluachanna seo a leanas taca faoi SFI

➤ **Sármhaitheas**

Tugaimid maoiniú do thaighde den chéad scoth atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

➤ **Bainteacht**

Táimid tiomanta don ról atá ag SFI i bhforbairt na hÉireann agus don phobal taighde.

➤ **Straitéiseach**

Táimid físeach, déanaimid pleanáil go fadtéarmach, agus infheistímid i dtaighde le hiarmhairtí chun leasa geilleagar agus sochaí na hÉireann.

➤ **Nuálaíocht**

Táimid dinimiciúil, comhoibritheach, cruthaitheach agus freagrach do riachtanais ár ngeallsealbhóirí atá de shíor i gcónaí.

➤ **Ionracas**

Spreagaimid muinín trí ghníomhú go cothrom, go hoibiachtúil, go macánta agus go trédhearcach sa bhealach ina ndéanaimid feidhmiú agus sa taighde a mhaoinímid.

➤ **Taighde teorann**

Oibrímid ag teorainneacha an taighde. Déanaimid forbairt ar eolas, spreagaimid idirdhisciplíneacht agus cuirimid nascálacha le tionscal chun cinn.

▼
Dhear an tOLL. Jean-Pierre Colinge (Institiúid Náisiúnta Tyndall) an chéad trasraitheoir gan chumar ar domhan

▼
Tá an bonn bunúsach a d'fhéadfadh a bheith le diaibéiteas Cineál 2 aimsithe ag taighdeoirí TCD

▼
Tá Éire liostaithe i measc an 20 tír is fearr sna rangaithe eolaíochta domhanda

➔
Tá taighdeoirí i UCD tar éis cód iomlán géiniteach de chuid na nÉireannach a sheicheadh den chéad uair riamh

➔
D'fhéadfadh taighde atá faoi stiúir TCD a bheith mar bhonn le vacsaínithe níos éifeachtúla in aghaidh na niúmóine agus an mheiningítis



Ag Seachadadh na Taighde le hIarmhairtí

Buaicphointí 2010

➔
Spreagadh do thaighde um Leigheas Athghiniúnach in Éirinn le beagnach €10 milliún bronnta ar an Institiúid um Leigheas Athghiniúnach [REMEI] in OÉ Gaillimh

▲
Tá an bealach le réamh-eaclaímsia a réamh-mheas i mná torracha aimsithe ag foireann taighdeoirí atá stiúir UCC

▲
Oibríonn taighdeoirí SFI le 534* cuideachta

Infheistíocht
€19m in Institiúid
na Diagnósice
Bithleighis (BDI) faoi
stiúir DCU

Thug comhdháil SFI/GFT
Éireann comhpháirteach
léargas ar acmhainní T&F
na hÉireann in
Ollscoil Stanford

D'fhoilsigh
taighdeoirí SFI
4,978 páipéar a
raibh piarmheasúnú
déanta orthu

Méadú 22% ar líon na
bpáipéar foilsithe a
raibh piarmheasúnú
déanta orthu

Thug Taighde SFI faoi
1,700 comhoibriú
idirnáisiúnta acadúil i 58
tír éagsúil

Ciallaíonn Comhpháirtíocht
SFI-HRB-Wellcome Trust nua
um Thaighde Bithleighis go
ndéanfaidh an Wellcome Trust
clúiteach cómhaoiniú
ar thaighdeoirí bithleighis
in Éirinn

Tá Éire rangaithe ar an
tríú tír ar domhan as
cáilíocht a cuid
taighde san
Imdhíoneolaíocht

Chuir Uachtarán na hÉireann,
Máire Mhic Giolla Íosa, fáilte
roimh bheirt faighteoirí de
Dhámhachtain an Taighdeora
Óig de chuid Uachtarán na
hÉireann ag searmanas
speisialta in Áras an
Uachtaráin

Tacaíonn
dámhachtainí SFI le
2,999 Ball Foirne

Thug Coimisinéir an AE
um Thaighde, Nuálaíocht
agus Eolaíocht, Máire
Geoghegan-Quinn Uasal,
óráid ag Cruinniú
Mullaigh SFI 2010

Méadú 44% ar líon
na gcomhoibrithe le
tionscal

D'éirigh le taighdeoirí
SFI €153m de mhaoiniú
giarálte a ghnóthú ó
fhoinsí neamh-SFI

Tá Éire rangaithe ar an
ochtú tír ar domhan as
cáilíocht a cuid taighde in
Eolaíocht na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Airgeadais SFI don bhliain 2010 a chur i láthair.



Bhí cúis cheiliúrtha ag SFI in 2010 – comóradh deich mbliana ó bhliain a bunaithe mar ghníomhaireacht Stáit na hÉireann le freagracht as infheistíocht i dtaighde sna réimsí eolaíochta agus innealtóireachta sin a meastar a bheidh mar bhonn le cothú

eolais nua, teicneolaíochtaí ceannródaíochta agus fiontair iomaíochta amach anseo. I dtéarmaí taighde, áfach, is tréimhse réasúnta gearr í deich mbliana, ar ndóigh. Cialláinn sé seo go bhfuil ard-mholadh tuilte ag SFI as an méid atá bainte amach aici agus ag an ngníomhaíocht taighde atá curtha i gcrích lena cuid tacaíochta go dtí seo.

D'fhonn fás inbhuanaithe geilleagrach fadtréimhseach a fhorbairt in Éirinn ní mór díriú ar na hearnálacha sin a mbaineann cumas ar leith leo, go háirithe T&F agus nuálaíocht. Ar cheann de na meicníochtaí atá mar bhonn le forbairt gheilleagrach a thiomáint ó thaighde a bhfuil SFI ag tacú leis, tá comhoibriú leis an tionscal. Ó bunaíodh SFI tá an-bhéim leagtha aici ar a leithéid sin de chomhoibrithe a fhorbairt, agus cúis áthais dom a chur in iúl go raibh breis is 500 cuideachta ag obair le taighdeoirí SFI in 2010. Le dhá bhliain anuas, tá méadú faoi níos mó ná dhá oiread tagtha ar an líon comhoibrithe acadúla-tionscail atá á dtuairisciú ag taighdeoirí le tacaíocht ó SFI. Tá taighdeoirí atá ag fáil maoinithe ó SFI, ag obair i gcomhar le cuideachtaí ilnáisiúnta agus Éireannacha, ag cabhrú chun timpeallacht nua a chruthú a leagfaidh an-bhéim ar phoist a choimeád agus a chruthú.

Tá roinnt clár ag SFI atá dírithe go sonrach ar an bpróiseas seo, na hionaid um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (CSETanna) agus na Braislí Taighde Straitéiseacha (SRCanna) go háirithe. In 2010, rinneadh tiomantas cúig bliana faoi gclár CSET a raibh sé mar aidhm leis tacú leis hInstitiúid na Diagnóisice Bithleigheis (BDI) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, chuir comhpháirtithe tionscail BDI - Ortho Clinical Diagnostics, Analog Devices Inc., Becton Dickinson agus Co., Millipore, Biosurfít S.A. agus Alere - €5 milliún ar fáil. Ar an dul céanna, bronnadh dámhachtain cúig bliana, faoi chlár SRC, ar an Institiúid um Leigheas Athghiniúnach (REMEDI) in OÉ Gaillimh. Cruthóidh an obair a bheidh ar bun ag REMEDI nasc freisin idir thaighde agus forbairt thionscal-bhunaithe, lena n-áirítear roinnt ceannairí in earnáil na bhfeistí leighis; earnáil shuntasach fostaíochta, nuálaíochta agus onnmhairí in Éirinn. I measc na gcomhpháirtithe tionscail rannpháirteacha tá Medtronic; Creganna-Tactx Medical; Ovagen; EnBIO; Ziel Biopharma agus Proxy

Biomedical. Tá na comhpháirtithe seo, i gcomhar lena chéile, ag soláthar €4 milliún breise le tacú le REMEDI thar an tréimhse 5 bliana.

Ar bhonn idirnáisiúnta, ainneoin staid airgeadais na hÉireann a bheith á tuairisciú ar leathanaigh tosaigh na nuachtán ar fud an domhain, in 2010 d'éirigh linn ár gcáil mar fhórsa suntasach eolaíochta a fhorbairt ar chúpla cúis. Tá méadú suntasach tagtha ar chomhoibrithe idir taighdeoirí atá á maoiniú ag SFI agus taighdeoirí idirnáisiúnta le breis agus 1,700 comhoibriú idirnáisiúnta anois bunaithe in 58 tír. I rith na bliana, tuairiscíodh cuid de na torthaí iontacha a bhí ar chuid de na comhpháirtithe seo. I measc na réimsí seo bhí cóireáil a chur ar neamhoird thíoróideacha, réamh-eaclaimsia, diaibéiteas cineál 2, asma, an sárphríd C. difficile, úsáid baictéir mhodhnaithe in ionad táirgí oladhíorthaithe, an chéad trasraitheoir ar domhan gan chumar, agus acmhainní craoltóireachta teilifíse spóirt i gcomhar le rannóg taighde na cuideachta mór le rá Walt Disney Company.

Tarraingíodh aird an tionscail agus an phobail taighde sna Stáit Aontaithe ar an mbonn sármhaitheasa eolaíochta atá á soláthar ag Éire anois, agus d'iarr Éire tuilleadh infheistíochta agus comhoibrithe ó na SA, ag imeacht mór a eagraíodh in Ollscoil Stanford i California i mí na Samhna 2010. D'eagraigh SFI an t-imeacht seo i gcomhar le GFT Éireann agus tarraingíodh go leor cuideachtaí ilnáisiúnta ó na SA agus taighdeoirí den chéad scoth ar an imeacht seo.

Chomh maith leis sin, eagraíodh sraith imeachtaí eile ardphróifíle a spreag neart spéise ó laistigh agus lasmuigh den phobal eolaíochta. Reáchtáladh mórchomhdháil domhanda, maoinithe ag SFI, faoi bhith-eolaíocht mhóilíneach agus cheallach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Imeacht seachtaine a bhí anseo a thug deis do na himdhíoneolaithe agus do na comhpháirtithe tionscail is mó le rá ar domhan, an dul chun cinn atá déanta le déanaí sa réimse seo a phlé. Athdheimhnigh fógra Thomson Reuters go bhfuil Éire anois rangaithe sa tríú háit ar domhan mar gheall ar cháilíocht a cuid taighde sa réimse imdhíoneolaíochta agus san ochtú háit ar domhan i réimse na heolaíochta ábhar, ár seasamh mar thionchar údarásach sna disciplíní seo. I measc na gcomhdháil tábachtacha eile a reáchtáladh in 2010 bhí sárthaispeántais speisialta a bhí dírithe ar an tionscal bogearraí agus cógaisíochta arna n-óstáil ag SFI agus IBEC.

Baineann tábacht leis na himeachtaí seo i ndáil le haitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach don chlú atá ar Éirinn i réimse an taighde eolaíochta. Chomh maith leis sin baineann tábacht leo i gcomhthéacs a chur ina luí ar infheisteoirí ionchasacha sa tionscal agus i seirbhísí éagsúla gurb ionann caipiteal acmhainní daonna agus bonn eolais na hÉireann

agus foinse shaibhir agus mhéadaitheach de bhuntáiste iomaíoch do ghnólachtaí atá ag infheistiú in Éirinn. Ní haon chomhtharlú é go raibh feidhmíocht onnmhairíochta na hÉireann, le blianta beaga anuas, á dtreorú ag na gnólachtaí sin atá ag déanamh infheistiúocht shuntasach i T&F.

Is éascaitheoir tábhachtach í infheistiúocht SFI sa phróiseas forbartha geilleagraí seo.

Thug Cruinniú Mullaigh Eolaíochta bliantúil de chuid SFI níos mó ná 300 de na taighdeoirí is tréithí agus is fearr in Éirinn le chéile chun breathnú ar éachtaí a bhí bainte amach go dtí seo, ach, go sonrach, chun díriú ar conas leas a bhaint as an acmhainneacht atá ann faoi láthair le haghaidh céimeanna móra chun cinn san eolaíocht amach anseo. Le 'Mining Minds – A new Decade of Discovery' ('Mianadóireacht Intinní – Deich mBliana Fionnachtana Nua') mar théama aige, chuir láithreach agus rannchuidí Mháire Geoghegan-Quinn Uasal, an Coimisinéir Eorpach um Thaighde, Nuálaíocht, agus Eolaíocht, taca faoi thábhacht Chruinniú Mullaigh na bliana seo.

In 2010, lean SFI ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí Stáit eile lena n-áirítear GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, an Bord Taighde Sláinte, an tÚdarás um Ard-Oideachas, agus Teagasc mar aon le hollscoileanna agus institiúidí ardoideachais eile ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, d'oibrigh SFI i ndlúthchomhar lenár máthair-Roinn, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, ranna rialtais eile agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Is mian liom buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe sna comhlachtaí seo as a gcuid tacaíochta agus comhoibrithe láidir.

Is mian liom buíochas a ghabháil le Bord agus le comhaltaí foirne SFI as a dtiomantas daingean agus a ndea-obair i rith 2010. Chuaigh an eagraíocht in oiriúint do riachtanais an phobail eolaíochta agus tá an eagraíocht lántiomanta dona chinntiú go gcuirfimid lena bhfuil bainte amach againn le deich mbliana anuas. Sa chomhthéacs seo, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Ollamh Frank Gannon as an obair iontach a rinne sé thar ceann SFI le linn dó a bheith ag feidhmiú mar Ard-Stiúrthóir idir 2007-2010. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis an gcomhalta Boird John Travers as glacadh leis an ról mar Ard-Stiúrthóir ar iarratas an Bhoird ar feitheamh ceapachán Ard-Stiúrthóra nua i ndiaidh próisis de chomhairliúchán poiblí.

Mar fhocal scoir, mholfainn do léitheoirí na Tuarascála Bliantúla seo súil a chaitheamh ar gach a bhfuil scríofa inti d'fhonn eolas a fháil ar an obair iontach atá curtha i gcrích agus ar thorthaí na hoibre sin atá déanta ag na heolaithe agus innealtóirí is oilte atá againn. Tá an eolaíocht i ngach aon rud a bhaineann linn agus i ngach aon rud a dhéanaimid. Tá, agus beidh an eolaíocht, i gcroílár athghiniúint gheilleagrach na hÉireann inniu agus i gcroílár an próisis forbartha sóisialta agus geilleagraí sna laethanta agus sna blianta amach romhainn.

Patrick Fottrell

An tOll. Patrick Fottrell
Cathaoirleach

CÁS-STAIDÉAR 01

Fionnachtain ceannródaíoch de chuid Tyndall chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar dhéantúsaíocht micrishliseanna



Tá an chéad trasraitheoir gan chumar ar domhan, a d'fhéadfadh athrú ó bhonn a dhéanamh ar an micrishlis, deartha agus déanta ag foireann eolaithe faoi stiúir an Oll. Jean-Pierre Colinge ag Institiúid Náisiúnta Tyndall, Corcaigh.

Is bloc tógála bunriachtanach iad trasraitheoirí i ngach feiste leictreonach nua-aimseartha. Is í an fheidhm atá acu ná comharthaí leictreonacha a aimplíú nó a lascadh, tá laghdú sonrach leanúnach tagtha ar a méid, rud a cheadaíonn d'fheistí a dhéanamh níos lú agus cumais stórála agus ríofa níos cumhachtaí a bheith iontu. Mar gheall ar sin, tá laghdú suntasach tagtha ar mhéid na bhfeistí leictreonacha agus tá méadú tagtha ar a dtuilleadh. Mar a tuairiscíodh san irisleabhar clúiteach, Nature Nanotechnology, bhain an tOll. Jean-Pierre Colinge agus a fhoireann úsáid as nanai-sreanga sileacain, ábhair a bhfuil trastomhas de thart ar 10 nanai-méadar acu (is ionann sin agus tuairim is 10,000 oiread níos tanaí ná ribe duine!) chun mionfheistí a fheidhmíonn mar thrasraitheoirí den scoth a ullmhú ach nach bhfuil cumair ag teastáil uathu le feidhmiú. De bharr scála agus airíonna leictreonacha na bhfeistí seo, braitear go bhféadfaidís freagra a thabhairt ar cheann de na ceisteanna is mó atá ann i leith na teicneolaíochta leictreonaice, is é sin, conas is féidir linn méid na gcomhpháirteanna a laghdú d'fhonn leanúint ar aghaidh le dul chun cinn na haoise leictreonaí?



Ráiteas an Ard-Stiúrthóra

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Airgeadais SFI don bhliain 2010 a chur i láthair.



D'ainneoin cúla na dtreochtaí comhleanúnacha geilleagracha náisiúnta agus idirnáisiúnta, tháinig ról neartaithe SFI, mar aon lena haischuir mhéadaithe agus tábhacht fhoriomlán straitéiseach d'iomáiochas na hÉireann

chun suntais, b'fhéidir níos mó ná ag aon chéim eile ó bunaíodh an eagraíocht. Lean infheistíocht i gcláir SFI ar aghaidh i rith 2010, ó dhámhachtainí Príomhthairgheora aonair go maoiniú le haghaidh ionad taighde i bpríomhearnálacha.

Uair thráthúil a bhí ann le linn an chomráidh 10 mbliana chun machnamh a dhéanamh ar scéal SFI go dtí seo. Bhain a lán daoine atá tiomanta do SFI an t-uafás oibre amach thar an tréimhse sin. Faoi láthair, tá Éire ag an bpointe inar féidir léi maíomh go hinchosanta go bhfuil sí ag baint barr feabhais amach go hidirnáisiúnta i raon disciplíní eolaíochta. Tá mórán bainte amach ar bhonn eolaíochta i dtréimhse ama gearr.

Cé go bhfuil sé tábhachtach súil siar a chaitheamh agus an méid atá bainte amach ag SFI mar eagraíocht a admháil, ag deireadh an scéil baineann an eolaíocht leis an lá atá inniu ann agus an todhchaí. Cinnteofar go dtiocfaidh an eolaíocht chun cinn mar chuid tábhachtach dár dtéarnamh fadtéarmach geilleagrach má dhéantar feidhmiú sa lá atá inniu ann le pragmatachas agus i gcomhpháirtíocht, mar aon le súil a chaitheamh ar an todhchaí le creat straitéiseach agus roinnte i bhfeidhm.

Baineann an eolaíocht le soláthar - dul chun cinn a bhaineann go díreach leis an tsochaí agus atá tairbheach don tsochaí a thabhairt i gcrích, cé acu i gcomhthéacs leighis, teicneolaíochta, fuinnimh nó gaolmhar é. Baineann sé chomh maith le teachtaireacht an ratha a sholáthar don méid is mó daoine agus is féidir. Má oibrítear chun é seo a bhaint amach i gcomhar le gníomhaireachtaí Stáit eile mar chuid d'ardán amháin, cuirfear ar chumas na hÉireann labhairt leis an bpoiblí idirnáisiúnta le guth comhchoiteann agus diongbháilte. Go dóchasach, tá SFI agus a raon éagsúil comhpháirtithe ag breathnú ar na dúshláin agus ar na spriocanna trí phríosma sármhaitheasa eolaíochta, tráchtálaíochta agus tionchair eacnamaíoch amháin.

Ní féidir rath a bheith ar fhionnachtain eolaíochta má aonraíonn sí í féin ón domhan laethúil. Ar an gcuma chéanna, caithfear na bacainní a d'fhéadfadh forbairt leanúnach ár n-acmhainne taighde a chosc, a shárú. Ceann de na bacainní seo is ea nuair nach dtuigeann go leor daoine luach agus ábharthacht na heolaíochta le haghaidh na glúine seo agus le haghaidh glúine atá le

teacht, trí easpa feasachta, easpa tuisceana, nó iad araon. Tá dualgas ar gach duine againn, dá bhrí sin, castachtaí na heolaíochta a dhíchódú agus a chinntiú go dtugtar - agus go dtabharfar - tús áite d'infheistíocht eolaíochta sa chomhfhiosacht phoiblí.

B'fhéidir gur tháinig an urlabhairt is fearr maidir leis an tábhacht a bhaineann leis na dálaí cearta a chruthú le haghaidh na heolaíochta féin ó Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, le linn a cuairte chuig an Rúis i rith 2010. Agus í ag tabhairt cuairte ar cheann d'institiúidí ceannródaíochta nanaitheicneolaíochta na Rúise, labhair an tUachtarán Mhic Giolla Íosa le Fóram speisialta ar Nanaitheicneolaíocht arna óstáil ag SFI. Dúirt sí go raibh "ailtireacht spreagtha agus acmhainní" riachtanach le haghaidh fionnachtana eolaíochta. Dúirt an tUachtarán gurbh é a bhí ag teastáil ná "timpeallacht a thugann tacaíocht d'intinní iontacha agus ceannródaíochta, a spreagann comhoibriú agus a chinntíonn go bhfuil fáil ar fhaisnéis rithábhachtach áit ar féidir an mhaitheas is fearr a bhaint aisti do gach geallsealbhoír, lena n-áirítear na pobail eolaíochta, tráchtála, tionsclaíochta agus gnóthaí poiblí níos leithne, ach, thar aon ní eile, don sochaí sibhialta agus don duine aonair a bhféadfadh a shláinte, a dhínt, a dheiseanna saoil agus a sheansanna saoil a bheith chomh mór sin i nguais nó feabhaisithe de thoradh teorainneacha na heolaíochta a bheith á gcur chun cinn."

Tugadh tacaíocht bhreise do cháil idirnáisiúnta na hÉireann a chothú ó thaobh taighde eolaíochta de trí shárthaispeántas thar a bheith rathúil de Thaighde agus Forbairt na hÉireann ag Ollscoil Stanford i mí na Samhna 2010 a reáchtáil GFT Éireann agus SFI i gcomhar lena chéile. Ar an gcuma chéanna, chuir a lán taighdeoirí eile atá maoinithe ag SFI a dtaighde i láthair i mbliana i suíomhanna ar fud an domhain, lena n-áirítear an Rúis, an India, an Iodáil, na Stáit Aontaithe agus áiteanna eile.

Baineann fíorthábhacht leis na himeachtaí seo i gcomhthéacs na teachtaireachta gur "féidir gnó a dhéanamh in Éirinn" a chur chun cinn, mar aon lena chur ina luí ar infheisteoirí idirnáisiúnta gur bonn iontach é an tír seo má táthar ag lorg buntáiste iomaíche trí phearsanra ardoilte, eolasbhunaithe atá ag obair ag teorainneacha na sármhaitheasa eolaíochta.

Ag deireadh 2010, fuarthas formhuiniú láidir ón Rialtas maidir le hacmhainn SFI chun tairbhe eacnamaíoch a sholáthar d'Éire. Éascaíonn maoiniú a leithdháileadh ar thaighde i mbuiséad na Nollag 2010 ath-oscailt roinnt clár dámhachtana SFI le haghaidh iarratas nua agus, go tábhachtach, athnuachan mórán tionscadal taighde tábhachtach nach bhfuil críochnaithe faoi láthair. Cuirfidh cothú gníomhaíochta den sórt sin, go háirithe, ar chumas na hÉireann a bheith ina suíomh tarraingteach d'infheistíocht dhíreach eachtrach go fóill agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Fiontraíochta dúchasáil in Éirinn.

CÁS-STAIDEAR 03

Comhoibríonn Taighdeoirí de chuid Coláiste na Tríonóide chun Cill Nua a Fhionnadh a bhfuil sé mar chumas aici cóireáil spríochdhírthe a chur ar Asma



Tá comhoibríú idir eolaithe i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath (TCD) agus Saotharlann na Comhairle Taighde Liachta um Bitheolaíocht Mhóilíneach i Cambridge (Ríocht Aontaithe) tar éis fuilchill bhán ar a dtugtar 'nuocyte', a bhí gan nochtadh roimhe seo agus a bhfuil baint aici le frithghníomhartha ailléirgeacha, a shainnithint.

Tá impleachtaí ag an bhfionnachtain seo don fhorbairt a dhéanfar ar chóireálacha nua le haghaidh asma agus galar ailléirgeach eile. Is féidir le galair ailléirgeacha cosúil le heachma nó asma teacht chun cinn nuair a thugann an corp freagra míchuí ar mhóilíní sa timpeallacht, cosúil le hailléirginí ó fhíneoga deannaigh tí. "Os rud é go bhfuil méadú ag teacht ar asma ar fud an domhain, go háirithe in Éirinn, cruthaíonn fionnachtain na cille nua seo atá bainteach leis deiseanna núíosacha chun drugaí a fhorbairt do ghalair ailléirgeacha. Cuireann an fhorbairt seo faisnéis nua ar fáil freisin maidir leis an bhfreagairt ar ionfhabhtuithe seadánacha agus d'fhéadfadh sí léargais a thabhairt ar ghalair a bhaineann le bochtaineacht ar fud an domhain," a mhínigh an tOllamh Fallon, Ollamh Stokes de chuid SFI ar Imdhíoneolaíocht Aistritheach, Institiúid na Míochaine Móilíní, TCD.

Éachtaí

In 2010, bhí 10 mbliana infheistíochta agus éachta ag SFI agus ag na foirne taighde lena dtacaíonn sí caite.

Le linn na tréimhse seo baineadh amach roinnt cloch míle suntasach, lena n-áirítear:


- forbairt ar bhonn inchreidte d'fhoirne taighde den scoth;
- méadú ar fhoilseacháin - ó thaobh lín agus cáilíochta de;
- méadaithe ar líon na gceadúnas, na bpaitinní agus na bhfionnachtana a meastar go mbaineann leas féideartha tráchtála leo; agus
- forbairt ar shamhlacha taighde atá go hiomlán nua ag an gcomhéadan idir an saol acadúil agus tionscal in Ionaid SFI um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (CSETanna) agus Braislí Straitéiseacha taighde (SRCanna).

Ag Forbairt Caipiteal Daonna na hÉireann - Ag Luacháil Daoine mar shócmhainn

Is iad daoine príomhacmhainn na hÉireann. Thug dámhachtainí maoinithe ag SFI tacaíocht do 2,999 ball foirne in 2010. Fuair 5,618 ball foirne taighde maoiniú ó SFI agus ó fhoinsí (giaráilte) maoinithe eile.

As an 463 sealbhóir dámhachtana SFI, is neamh-Éireannaigh iad beagnach 40% dóibh, agus mar ghrúpa, tá 35 náisiúntacht ann. Seachas an RA, arb ionann í agus 16% de na sealbhóirí, agus an Ghearmáin, arb ionann í agus 6%, tá raon fairsing náisiúntachtaí san áireamh.

Náisiúntacht na Sealbhóirí Dámhachtana SFI in 2010




Béim ar Shármhaitheas Taighde – Aschur Ardcháilíochta

Tá sé rithábhachtach díriú ar thaighde sármhaithe má tá Éire le leanúint ar aghaidh ag déanamh forbartha ar bhonn taighde éifeachtach a chuirfidh le forbairt gheilleagraich. Is príomhtháscaire iad foilseacháin agus luanna ar shármhaitheas an taighde a mhaoinítear. Tá méadú tagtha ar cháil na hÉireann mar shuíomh le haghaidh taighde ardcháilíochta le deich mbliana anuas agus tá tionchar an taighde Éireannaigh os cionn meán an Domhain, an AE-27 agus an OECD i láthair na huair.

Chuir taighdeoirí le tacaíocht ó SFI go sonrach leis an méadú sin ar thaighde ardcháilíochta. Thuairiscigh taighdeoirí atá maoinithe ag SFI 4,978 foilseachán in iomlán a raibh piarmheasúnú déanta orthu sa bhliain 2010. Is ionann é sin agus méadú 22% i gcomparáid le 2009. Thug dámhachtainí SFI tacaíocht do 2,283 foilseachán in iomlán. Baineann comhúdar neamh-Éireannach le 37% de na foilseacháin seo, rud a thaispeánann idirnáisiúnta na heolaíochta Éireannaí. De réir bheartas SFI i leith rochtana oscailte, tá 1,050 de na foilseacháin seo ar fáil i stóir rochtana oscailte.

Tionchar i gCoibhneas leis an Domhan (Thomson Reuters-InCities)



➤ Chuir an tUachtarán Mhic Giolla Íosa fáilte roimh fhaighteoirí de Dhámhachtain an Taighdeora Óig de chuid Uachtarán na hÉireann SFI (PIYRA) ag searmanas in Áras an Uachtaráin. Sa phictiúr tá na taighdeoirí - an Dr. Neil Ferguson, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus an Dr. Natasa Mitic ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, le hUachtarán na hÉireann Máire Mhic Giolla Íosa.

Tábla Foilseachán de Rangú Tíortha (Thomson Reuters)

Arna Liostú de Réir Luanna in Aghaidh an Pháipéir 2010

1	AN EILVÉIS
2	SAM
3	AN DANMHAIRG
4	AN ÍSILTÍR
5	ALBAIN
6	SASANA
7	AN TSUALAINN
8	AN FHIONLAINN
9	AN BHEILG
10	AN GHEARMÁIN
11	CEANADA
12	AN OSTAIR
13	IOSRAEL
14	AN IORUA
15	AN FHRAINIC
16	AN BHREATAIN BHEAG
17	AN ASTRÁIL
18	AN IODÁIL
19	TUAISCEART ÉIREANN
20	ÉIRE



CÁS-STAIDÉAR 04

DERI – Dhá Mhac-Chuideachta nua



In 2010 bhunaigh Institiúid Taighde na Fiontraíochta Digiúil (DERI) in OÉ Gaillimh dhá mhac-chuideachta. Is é DERI, SFI CSET, an t-ionad taighde is mó ar domhan atá dírithe ar thaighde ar theicneolaíocht ghréasáin shéimeantaigh agus tá ról lárnach aige san fhorbairt atá á déanamh ar an Idirlíon den chéad ghlúin eile.

Tá ardán anailíseach forbartha ag Peracton Ltd (www.peracton.com) de chuid an Dr. Laurentiu Vasiliu, ardán a chuireann ar chumas bróicéirí infheistíochta agus comhairleoirí airgeadais a bpananna a fhorbairt ó chúpla dosaeen táirge go dtí na mílte táirgí airgeadais agus na roghanna is fearr a dhéanamh ar bhonn comhsheasmhach bunaithe ar na paraiméadair (agus na hualaithe) infheistíochta sonraithe acu. Cruthaíonn an córas seo liosta rangaithe de thorthaí “beachta/scothoiriúnacha” i gcónaí mar aon le sraith chuimsitheach d’acmhainní fóiréinseacha a sholáthar.

Is gnó mór é tionscal an ceoil, agus is minic go mbaianeann sástacht le ceol nua a aimsiú, ach próiseas é seo a chothaíonn fearg i measc tomhaltóirí, níos minice ná chéile. Tá sé mar aidhm ag Seevi Ltd (seevi.net) de chuid an Dr. Alexandre Passant aimsiú ceoil a athrú ón mbonn aníos trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí séimeantacha agus as sonraí nasctha. Bealach nua atá ann a chuireann ar chumas úsáideoirí iniúchadh a dhéanamh ar chúltra cultúrtha agus ceoil na gceoltóirí is ansa leo, mar aon le deis a thabhairt dóibh ceoltóirí nua a aimsiú trí thuiscint a fháil ar an gceangal eatarthu.

www.deri.ie

Peracton

seevi
REINVENTING MUSIC
DISCOVERY

DERI



➤ Faighteoirí dhámhachtain an Chláir um Theorainneacha Taighde 2010 ó Institiúid Náisiúnta Tyndall; an Dr. Eric Moore as tionscadal ar eagair bhraiteora nanastruchtúrtha ilbhraite le monatóireacht thocsaineach a dhéanamh ar chealla a bhaineann le sláinte an duine agus an Dr. Russell Duane as tionscadal ar iontaofacht lasc meicniúil de scála micriméadair le haghaidh feidhmchlár minicíochta raidió.


Dul i mbun Fiontraíochta – Aistriú Eolais – Tairbhe Eacnamaíoch ó Thaighde

Bunaíodh SFI chun infheistíocht a thiomáint i dtaighde acadúil, infheistíocht a mbeadh tairbhe eacnamaíoch inbhuanaithe mar thoradh uirthi. Ceann de na modhanna atá in úsáid chuige seo ná comhpháirtíochtaí acadúla-tionscail. Tá roinnt clár bunaithe ag SFI atá dírithe go sonrach ar thacú leis an bpróiseas seo, clár CSET agus SRC mar shampla. **Le himeacht na mblianta, tá an-bhéim leagtha ag SFI ar a leithéid sin de chomhpháirtíochtaí a fhorbairt agus tá méadú, níos mó ná dhá oiread, tagtha ar an líon comhpháirtíochtaí acadúla-tionscail in imeacht dhá bhliain (402 in 2008 go dtí 867 in 2010).**

In 2010 bhí 534* cuideachta ag obair le taighdeoirí a bhí á maoiniú ag SFI, méadú ó 311 dhá bhliain ó shin. Tá comhaontuithe dlíthiúla mar bhonn le breis is leath de na comhoibríthe seo.

“ Oibríonn taighdeoirí SFI le thart ar 500 gnólacht, idir MNCanna agus FBManna araon ” ➤ “ Oibríonn taighdeoirí SFI le thart ar 500 gnólacht, idir MNCanna agus FBManna araon ”

Líon na gCuideachtaí i mbun Comhoibrithe le Taighdeoirí SFI 2008 - 2010




Tá breis is 82,761 duine fostaithe sna cuideachtaí atá ag obair le taighdeoirí SFI. Os a choinne sin, cruthaíonn siad breis is €73 billiún in easpórtálacha.

Tugadh méadú suntasach faoi deara sa líon comhoibrithe leis an tionscal in 2010, ag cur leis an bhforbairt ar fad a rinneadh in 2009. Ar an iomlán, tugadh méadú 44% faoi deara sa líon comhoibrithe le cuideachtaí, .i. 867 comhoibriú ar fad le hais 601 comhoibriú in 2009. Bhí méadú comhfhreagrach (37%) le tabhairt faoi deara freisin sa líon cuideachtaí atá ag comhoibriú le taighdeoirí atá ag fáil maoiniú ó SFI. Tá méadú 32% tagtha ar an líon Corparáidí Ilnáisiúnta (MNC), agus méadú 30% ar an líon cuideachtaí atá ag obair le taighdeoirí atá ag fáil maoiniú ó SFI, .i. 237 MNC.

Tuairiscíodh méadú 63% ar an líon comhoibrithe le FBManna (méadú 48% in FBManna áirithe). Tá níos mó FBManna anois ag comhoibriú le taighdeoirí atá ag fáil maoiniú ó SFI ná an líon MNCanna; 245 i gcomparáid le 237. Chomh maith leis sin, tuairiscíodh 82 comhoibriú le ranna rialtais/comhlacht stát-tionscanta agus fondúireachtaí príobháideacha, carthanachtaí agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGOanna).

Tá breis is 82,761 duine fostaithe sna cuideachtaí atá ag obair le taighdeoirí SFI. Os a choinne sin, cruthaíonn siad breis agus €73 billiún in easpórtálacha. Is léir níos mó deiseanna fostaíochta a bheith i ngnólachtaí T&F, mar aon le holl-bhreisluch agus figiúirí easpórtála níos fearr ná a gcontraphárteanna nach bhfuil i mbun gníomhaíochtaí T&F. Is léir go bhfuil sé riachtanach an clár oibre T&F a bhrú chun cinn.

Comhoibrithe Acadúla-Tionscail de réir an Réigiúin



Comhoibrithe Taighde-Tionscail in 2010 de réir an Chineáil Chuideachta

	Comhoibrithe Iomlána	
Corparáid Ilnáisiúnta (MNC)	450	237
FBM	335	245
Ranna Rialtais nó Comhlachtaí Stát-Tionscanta	55	28
Fondúireachtaí Príobháideacha/ Carthanachtaí/ Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGO)	27	24
Iomlán	867	534

Reáchtáil SFI roinnt imeachtaí a raibh sé mar aidhm leo léargas a thabhairt don tionscal in Éirinn ar thaighde a bhfuil maoiniú á fháil aige. I mí Bealtaine 2010, d’eagraigh SFI agus Pharmaceutical Ireland (PCI) fóram comhoibríoch le Scoil Cógaseolaíochta an Choláiste Ollscoile, Corcaigh, a sholáthair ardán ionas go léireofaí gníomhaíocht cheannródaíoch taighde i réimsí cosúil le teicneolaíocht anailíseach próiseas (PAT), ceimeamhéadracht, samhaltú próiseas agus teicneolaíochtaí coinbhéirseacha do na príomhfhigiúirí i dtionscal cógaisíochta na hÉireann. I mí Dheireadh Fómhair 2010, reáchtáil SFI agus Líonra Nuálaíochta na hÉireann (ISIN) sárthaispeántas speisialta dírithe ar an tionscal bogearraí.

CSETanna agus SRCanna de chuid SFI

Tugann 9 CSET agus 20 SRC (ag príomhinstitiúid óstach) de chuid SFI taighdeoirí acadúla le chéile ó 430 cuideachta.

CSETanna

Corcaigh

- Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Gaillimh

- Institiúid Taighde na Fiontraíochta Digítí (DERI), OÉ Gaillimh

Baile Átha Cliath

- Ionad Taighde ar Nanastruchtúir agus Nanaghairis Oiriúnaitheacha (CRANN), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Ionad Taighde Teileachumarsáide (CTVR), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Institiúid na Diagnóisice Bithleighis (BDI), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- An tIonad um Chomhchruinniú na Chéad Ghluine Eile (CNGL), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Córais Bitheolaíochta Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- CLARITY, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Luimneach

- Lero – Ionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann, Ollscoil Luimnigh
- Braislí Taighde Straitéiseacha (SRC)

SRCanna de chuid

Corcaigh

- Próiseáil Chomhartha Digiteach Leabaithe Éifeachtach le haghaidh Sláinte Digítí Soghluaiste (EEDSP), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide um Oibríocht Foirgníochta Inbhuanaithe & Barrfheabhsaithe (ITOBO), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Fótónaic – Comhtháthú “Ó Adaimh go Córais” (PiFAS), Institiúid Náisiúnta Tyndall
- FORME – Ocsaíd Feidhmiúla agus Ábhair Ghaolmhara Leictreonaice, Institiúid Náisiúnta Tyndall

Luimneach

- Braisle Chógaisíochta Soladstaide, Ollscoil Luimnigh

Gaillimh

- Líonra Barr Feabhais le haghaidh Bithábhar Feidhmiúil (NFB), OÉ Gaillimh
- Braisle Taighde Ghliceaeolaíochta an Bhia (AGRC), OÉ Gaillimh
- An Institiúid um Leigheas Athghiniúnach (REMEDI), OÉ Gaillimh

Maigh Nuad


- Taighde Straitéiseach sna hArdgheoiteicneolaíochtaí (StratAG) Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Port Láirge

- Bainistíocht Uathnómach, Chónaidhme ar Sheirbhísí Cumarsáide Ceann go Ceann (FAME) Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Baile Átha Cliath

- Braisle Taighde na Bitheolaíochta Atáirgthe, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Ardbhith-aithris um Aistriú Fuinnimh Gréine, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- BioNanoInteract, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Líonra Taighde Seachadta Drugaí na hÉireann (IDDN), Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Clique SRC Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Braisle Ríomha Matamaitice Airgeadais (FMC2) Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Ionad Taighde Imdhíoneolaíochta (IRC), Coláiste na Tríonóide
- Braisle Idirscaradh Eolaíochta na hÉireann, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Teiripic Mhóilíneach do Ailse Éireann (MTCI), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Precision, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath




Taighdeoirí SFI

- I mbun comhoibrithe anois le **237** MNCs
- I mbun comhoibrithe anois le **245** FBM
- Tá an líon comhoibrithe **dúbailte** in imeacht dhá bhliain



ac taighdeoirí SFI páirt i thart ar 1,700 comhoibriú acadúil i 58 tír éagsúil” ➤ “Ghlac taighdeoirí SFI páirt i thart ar 1,700 comhoibriú acadúil i 58 tír é


Naisc Dhomhanda de chuid Taighdeoirí SFI



- Ghlac Taighdeoirí/foirne SFI páirt i **5,251** imeacht idirnáisiúnta
- Tá Taighdeoirí SFI ag comhoibriú le cuideachtaí i **29** tír éagsúil
- Tá Taighdeoirí SFI páirteach i **1,700** comhoibriú acadúil idirnáisiúnta
- Tá comhpháirtithe Thaighdeoirí SFI lonnaithe i **58** tír

CÁS- STAIÉAR 05

Diagnóisic bithleighis a bhunathrú



Tá Institiúid na Diagnóisice Bithleighis (BDI) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag obair ar theicneolaíochtaí a fhorbairt a thacóidh le diagnóis luath costéifeachtúil a dhéanamh ar bhreiteachtaí dála ailse, meiningíteas agus galar cardashoithíoch agus táthar anois ar tí úsáid chliniciúil agus tráchtála a bhaint as na feistí diagnóiseacha nua seo.


Tá sé mar aidhm ag BDI ionaid diagnóiseacha ilfhreastail chliste a fhorbairt a mbainfidh agus gairmithe cúram sláinte úsáid astu le linn cúram a thabhairt, nó cóngarach don láthair cúraim. Is é an coincheap atá ann feiste singil, éasca le húsáid a fhorbairt a úsáidfeadh chun sampla a thógáil, tástáil a dhéanamh agus toradh a thaispeáint i ndiaidh gnímh éifeachtaigh amháin.

"Beidh ár bhfeistí in úsáid chun méideanna beaga sreabhán a bhailiú, cosúil le fuil, iad a phróiseáil agus toradh a thabhairt. Mar shampla, b'fhéidir nach mbeadh spéis againn ach i gcill amháin sa sampla sin agus nach mbeadh uainn ach anailís a dhéanamh ar DNA aon chill amháin. Beidh ár bhfeistí deartha chun a leithéid a dhéanamh", a deir Stiúrthóir BDI, an tOllamh Michael Berndt.



CÁS-STAIDÉAR 06

Cóireáil nua do *C. difficile* – an sárphríd faighte san ospidéal



Tá eolaithe atá ag obair in Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC) i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus Teagasc tar éis antaibheathach nua a fhorbairt, thuricin CD, atá éifeachtach in aghaidh na sárphríde *Clostridium difficile*, an bhreiteacht a fhaightear san ospidéal is mó fás san Iarthar agus mórchúis báis.

I bhfianaise a thábhachtaí is atá gnáthfhlóra na putóige i bhforbairt *C. difficile* a chosc, rinne an tOllamh Paul Ross agus an Dr. Mary Rea in Ionad Taighde Bia Theagasc sa Cloch Liath, agus an tOllamh Colin Hill ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh anailís ar na daonraí baictéaracha a choinníonn srian ar *C. difficile* i ngnáthríochtaí na putóige, agus é mar aidhm acu teacht ar chomhdhúil a d'fhéadfadh deireadh a chur leis an orgánach seo. Aimsíodh an pheiptíd fhrithmhiocróbach láidir nua i ndiaidh scagháistála a dhéanamh ar níos mó ná 30,000 baictéar leithlisithe ón bputóg dhaonna. Is ag Alimentary Health Ltd, cuideachta biteicneolaíochta speisialtacha Éireannach, atá an ceadúnas don pheiptíd fhrithmhiocróbach nua. Foilsíodh dhá pháipéar bunaithe ar an taighde seo san iris mór le rá, *Proceedings of the National Academy of Sciences of the USA*.



➤ Thug an tUachtarán Mhic Giolla Íosa cuairt ar Rusnano mar chuid dá cuairt oifigiúil ar an Rúis.

Cáil Idirnáisiúnta na hÉireann – Rannchuidiú an Taighde

Is léir go bhfuil taighdeoirí SFI ag cur go mór le cáil idirnáisiúnta na hÉireann san earnáil eolaíochta. In 2010, tugadh faoi bhreis agus 1,700 comhoibriú acadúil le comhpháirtithe idirnáisiúnta i 58 tír.

Tá méadú suntasach tagtha ar an líon comhoibríthe le comhpháirtithe nach de bhunadh an AE iad, atá anois níos mó ná an catagóir AE nach de bhunadh an Éireannach iad. Tá sé mar aidhm le beagnach 90% de na comhoibríthe seo taighde/foilseachán comhpháirteach a éascú.

D'eagraigh SFI roinnt imeachtaí/ Sárthaispeántas Suntasacha Idirnáisiúnta i rith 2010:

- I mí na Samhna 2010, réachtáil SFI agus GFT Éireann sárthaispeántas bunaithe ar Thaighde & Forbairt na hÉireann in Ollscoil Stanford i Silicon Valley, i Stáit Aontaithe Mheiriceá. I láthair ag an ócáid seo bhí 20 cainteoir ón saol acadúil agus ó thionscal a rinne cur síos ar an taighde atá ar bun acu i réimsí tábhachtacha lena n-áirítear nanaitheicneolaíocht, taighde ar chumarsáid optúil agus gan sreang, teicneolaíochtaí braite gréasáin, néalríomhaireacht agus ríomhaireacht idirlín, agus teicneolaíochtaí coinbhéirseacha thar réimse leathan feidhmchláir. Ghlac cainteoirí ó ollscoileanna éagsúla ar fud na hÉireann mar aon le hionadaithe ó Intel, IBM, Cisco, agus Hewlett-Packard páirt san imeacht.
- I mí na Bealtaine 2010, d'fhreastail SFI, i gcomhar le GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann, ar Chomhdháil Idirnáisiúnta BIO i Chicago. Bailíonn pobal biteicneolaíochta an domhain mhóir le chéile ag an imeacht seo, ag cur taispeántas ar siúl agus ag cruthú nasc idir dhaoine, cuideachtaí agus nuálaíochtaí biteicneolaíochta a chabhróidh leis an saol amach anseo a fheabhsú. D'fhreastail na gníomhaireachtaí ar BIO 2010 agus é mar aidhm acu léargas a thabhairt ar thírdhreach taighde den scoth na hÉireann, a cuid braislí de chuideachtaí teicneolaíochta bithchógaisíochta, cógaisíochta agus leighis, mar aon leis an timpeallacht atá dírithe ar ghnó a chothú.

Comhoibrithe Acadúla in 2010 de réir an Réigiúin

	Comhoibrithe Iomlána	
Éireannach	541	24.10%
AE Neamh-Éireannach	714	31.80%
Neamh-AE	991	44.10%
Iomlán	2246	100.00%

Miondealú ar Shuíomh agus ar Ról Taighdeora ag Imeachtaí Idirnáisiúnta in 2010

	Éire	AE (gan Éire san áireamh)	Lasmuigh den AE	Iomlán
Óstach	126	56	37	219
Comhalta de Choiste an Chláir	78	175	112	365
Aoichainteoir	298	593	383	1274
Páipéar curtha i láthair	309	703	397	1409
Póstaer ar taispeáint	427	485	346	1258
Rannpháirtí Cruinnithe	340	288	98	726
Iomlán	1578	2300	1373	5251

- Is é Dana-Farber/Harvard Cancer Center (DF/HCC) an t-ionad cuimsitheach ailse is mó ar domhan, agus is ann a bhailítear iarrachtaí taighde ar an ailse de chuid seacht n-institiúidí le chéile: Beth Israel Deaconess Medical Center, Brigham and Women's Hospital, Children's Hospital Boston, Dana-Farber Cancer Institute, Harvard Medical School, Harvard School of Public Health, agus Massachusetts General Hospital. I mí Feabhra 2010, thug SFI deis do thoscaireacht de 13 taighdeoir ag fáil tacaíochta ó SFI cuairt a thabhairt ar Dana-Farber agus bualadh le comhaltaí foirne riaracháin sinsearach agus taighdeoirí ansin le deiseanna comhoibrithe a phlé.
- I mí Dheireadh Fómhair 2010, ghlac SFI páirt in imeacht comhpháirteach idir Éire agus an Fhionlainn, a reáchtáladh i rith chuairt Phríomh-Aire na Fionlainne ar Éirinn, imeacht ar a tugadh "Sárú an Chúlaithe Eacnamaíochta trí mheán na Nuálaíochta: Ag Comhcheangal Láidreachtaí Éireannacha agus Fionlannacha" [Overcoming Recession through Innovation: Combining Irish and Finnish Strengths]. Ba é an Roinn Fiontar, Trádála & Nuálaíochta, Ambasáid na Fionlainne, Finpro, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus SFI a d'eagraigh an imeacht.
- Thug Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, cuairt stáit ar an Rúis ag tús Mheán Fómhair 2010. D'eagraigh SFI seimineár ar an 8 Meán Fómhair i Moscó, a raibh sé mar aidhm leis léargas a thabhairt ar an taighde atá ar bun in Éirinn, i rith cuairt an Uachtaráin Mhic Giolla Íosa ar an Rúis. Deis a bhí san imeacht seo naisc a chruthú idir taighdeoirí Éireannacha agus Rúiseacha, agus dírithe ar réimse na nanaitheicneolaíochta. Rinne RUSNANO: the Russian Corporation of Nanotechnologies óstáil ar SFI i Moscó.

CÁS-STAIÉAR 07

Naineolaí Rangaithe i measc na nEolaithe is fearr ar domhan le haghaidh Eolaíochta na nÁbhar




D'ainmnigh Times Higher Education an tOllamh Jonathan Coleman, Ollamh Comhlach le Fisic i gColáiste na Tríonóide agus Príomh-Imscrúdaitheoir san Ionad Taighde ar Nanastruchtúir agus Nanaghairis Oiriúnaitheacha (CRANN), i measc an 100 eolaí ábhair is fearr ar domhan le deich mbliana anuas.

Is é an tOllamh Coleman an t-aon eolaí Éireannach i measc an 100 eolaí seo agus tá sé ar cheann de na heolaithe is óga atá ainmnithe ar an liosta freisin. Rangaithe ag uimhir 61 ar an liosta, roghnaíodh an tOllamh Coleman ó liosta de thart ar 500,000 eolaí ábhar, rud a chiallaíonn go bhfuil sé i measc an 0.02 faoin gcéad is fearr sa réimse.



CÁS-STAIDÉAR 08

Cód Géiniteach de chuid Éireannaigh Aitheanta



Plota anailíse ar na príomhchodanna bunaithe ar [15] léargas a thabhairt ar sheasamh an Éireannaigh aonair i dáil le daoine eile de thionscnamh iarthar na hEorpa.

Ábhar spéise do na heolaíochtaí bitheolaíocha agus leighis aron é léargas a fháil ar struchtúr géiniteach dhaonraí daonna.

Ábhar spéise do thaighdeoirí bithleighis ar fud an domhain riamh é daonra na hÉireann mar gheall ar a tíreolaíocht leithlisithe, a rian a bheith le tabhairt faoi deara i ndaonraí thíortha eile cosúil le SAM agus an Astráil, mar aon le hardmhínicíocht ailléilí so-ghabhálachta do roinnt galar tábhachtach. D'fhonn tús a chur leis an bpróiseas a bhaineann le tuiscint a fháil ar chúla géiniteach na nÉireannach, rinne foireann a bhí faoi stiúir an Ollaimh Brendan Loftus ó Institiúid Conway i UCD an cód géiniteach iomlán de chuid Éireannaigh a sheicheadh den chéad uair riamh. Foilsíodh na torthaí san iris Genome Biology agus tugadh líon ard athróg seicheimhach nua nach raibh súil ar bith leo faoi deara nuair a cuireadh i gcomparáid le géanóim dhaonna eile iad. Trí anailís a dhéanamh faightear léargas ar struchtúr daonna an bhraíne seo den ghinealach Eorpach, mar aon le teicníc nua le haghaidh glao SNP i seicheadh an ghéanóim dhaonna trí úsáid a bhaint as sonraí haplaichineáil agus aimsíodh athróg nua a d'fhéadfadh eolas a thabhairt dúinn maidir leis na tosca cúiseacha riosca a d'fhéadfadh a bheith le galair thábhachtacha.



Ag Giaráil Breis Maoinithe

In 2010, thuiriscigh taighdeoirí SFI gur éirigh leo maoiniú ar fiú €153 milliún é a fháil ó fhoinsí lasmuigh de SFI. Ainneoin laghdú beag a bheith tagtha ar an méid maoinithe breise a fuair taighdeoirí SFI (4%) i gcomparáid le 2009, tá athruithe suntasacha le tabhairt faoi deara i gcomhdhéanamh na bhfoinsí.

D'éirigh le taighdeoirí atá ag fáil maoiniú ó SFI €73 milliún a fháil ó fhoinsí idirnáisiúnta, méadú 36% i gcomparáid le 2009. D'éirigh leo maoiniú de bhreis is €62 milliún a fháil ón AE, méadú 63% ar an leibhéal a fuarthas in 2009. Ina theannta sin, tháinig méadú 25% ar an maoiniú a fuarthas ón earnáil phríobháideach.

Méid an Mhaoinithe Giaráilte arna Thuairisciú ag Taighdeoirí le Maoiniú ó SFI in 2010

	Céatadán le Bronnadh €
AE	62,598,472
Fiontar Príobháideach	14,952,908
Fiontraíocht Éireann	13,774,578
HEA	13,234,856
IRCSET	12,363,444
HRB	9,419,060
Foinsí eile de chuid Rialtais na hÉireann	6,925,399
Foinse Idirnáisiúnta Rialtais eile	4,100,500
Carthanacht/Eagraíocht Neamhbhrabúis (Éireannach)	3,497,365
GCC	2,522,852
DAFF	1,798,831
Carthanachtaí/Eagraíocht Neamhbhrabúis (Idirnáisiúnta)	1,767,988
Wellcome Trust	1,719,882
Eagraíocht Leasa Idirnáisiúnta Eile	1,211,363
NIH	1,059,433
Teagasc	1,051,200
Foras na Mara	435,345
NSF	366,470
Foinse Eile (sonraigh le do thoil)	360,447
RCFAN	100,000
Iomlán	153,260,393

€153m
de mhaoiniú
taighde ó fhoinsí
neamh-SFI

€73m
ó fhoinsí
idirnáisiúnta

€61m
ón
Stáitchiste




➤ An Dr. Simon Elliott, Institiúid Náisiúnta Tyndall, duine a bhuaigh dámhachtain ag labhairt ag ócáid tráth ar fógraíodh go raibh €25.7 milliún á chur ar fáil do 27 tionscadal taighde i réimsí cosúil le fuinneamh gaoithe, aithint cainte ríomhaire, teileachumarsáid, neamhoird athlastacha, tástáil ghéiniteach agus sláinte ainmhithe mar chuid de Chlár Príomhthaighdeoirí SFI.


Spéis an phobail a chothú san Eolaíocht

Tuigeann SFI a thábhachtaí is atá sé spéis an phobail a mhúscailt i gcúrsaí eolaíochta, agus go háirithe, i measc daoine óga. Spreagann SFI, mar an príomhghníomhaireacht maoinithe don eolaíocht in Éirinn, na taighdeoirí atá á maoiniú aige chun páirt a ghlacadh i dtionscnaimh for-rochtana agus oideachais. In 2010, ghlac 293 taighdeoir SFI páirt i ngníomhaíocht phoiblí for-rochtana. I measc na mbearta a bhí i gceist bhí breis is 650 taispeántas/léacht poiblí, tugadh cuairt ar bhreis agus 600 scoil agus eagraíodh breis is 1,000 imeacht éagsúil leis na meáin.

Tá neart gníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana forbartha ag SFI CSETanna sna grúpaí difriúla sa tsochaí, grúpaí ina n-áirítear daltaí bunscoile, meánscoile agus tríú leibhéal, an pobal i gcoitinne agus tionscal. I measc na ngníomhaíochtaí éagsúla a eagraítear tá comórtais do scoileanna, cluichí ríomhaireachta, láithreáin ghréasáin, cuairteanna ar shaotharlanna agus ar scoileanna, léachtaí poiblí agus pacáistí teagaisc. Is éard a bhíonn i gceist le clár 'cainteoirí scoile' SFI ná go dtugann taighdeoirí agus baill foirne SFI cuairteanna saor in aisce ar scoileanna chun cainteanna a thabhairt agus taispeántais a dhéanamh do dhaltaí. I rith 2010, bhí 85 taighdeoir SFI ó 12 Institiúid Ardoideachais ar fud na tíre cláraithe chun 178 caint dhifriúil a thabhairt do dhaltaí scoile.



Gníomh suntasach cumarsáide do SFI in 2010 ba ea a láithreán gréasáin – www.sfi.ie – a uasghrádú. Seoladh an láithreán gréasáin nua in Aibreán 2010 agus thug breis is 78,000 duine cuairt ar an láithreán i rith na bliana. Tá i bhfad níos mó ábhar ar an láithreán gréasáin anois ná mar a bhí cheana, lena n-áirítear bunachar sonraí de na taighdeoirí ar fad atá ag fáil maoiniú ón SFI, físeáin, próifílí mar aon le scéalta aibhsithe faoin obair atá ar bun ag taighdeoirí SFI. Ina theannta sin, bhunaigh SFI ríomhíris nua a dháiltear gach mí ar bhreis agus 5,000 duine. Tá sé beartaithe ag SFI cur lena láithreach ar líne amach anseo.



➤ An tAon Mhúsaem Ríomhaireachta agus Cumarsáide in Éirinn

Is lonnaithe in Ionad Taighde na Fiontraíochta Digití (DERI) in OÉ Gaillimh atá an Músaem seo, comhfhiontar le eGalway a bhfuil sé mar aidhm leis an scéal thar a bheith spéisiúil faoi phríomhimeachtaí i stair na cumarsáide a insint. Breathnaíonn sé ar thionchar an raidió, tá spás ann tiomanta do chluichí ríomhaireachta, déantar machnamh ar thionchar fhás na dtionscal cumarsáide nua ar Éirinn agus tugtar léargas freisin ar fhorbairt an ríomhaire iniompartha, an phrintéara agus an mhicreaphróiseálaí.



Dámhachtainí Nua in 2010

Tosaíodh 160 dámhachtain nua in 2010, thar 10 gclár, arna stiúradh ag 14 comhlacht taighde. Íocadh €150 milliún in iomlán le comhlachtaí taighde in 2010. Ón uair a bunaíodh é, tá SFI tar éis thart ar 8,000 iarratas a fháil agus rinne sé thart ar 2,000 dámhachtain a mhaoiniú (éiríonn le hiarratas amháin as gach ceithre iarratas).

Samplaí de thionscadail taighde ar tacaíodh leo in 2010:

- ▶ Leithdháileadh €19 milliún ar Institiúid na Diagnóisice Bithleighis (BDI) don chúig bliana atá le teacht. In éineacht leis sin ranníocadh €5 mhilliún ó pháirtithe tionscail BDI, is iad sin, Ortho, Clinical Diagnostics, Analog Devices, Becton Dickinson, Millipore, Biosurfit agus Alere. Áirítear sna tionscadail taighde slis phlaisteach aon uaire lenar féidir catagóiriú a dhéanamh – ó chúpla braon fola – ar an riosca atá ann galar cardashoithíoch a fháil agus dá bhrí sin an stíl mhaireachtála is fearr nó an cur chuige cliniciúil is fearr a mholadh d’othar.
- ▶ €8.5 milliún le haghaidh 47 tionscadal taighde thar raon réimsí lena n-áirítear fiobrós chisteach, géineolaíocht, ionfhabhtuithe baictéara agus víreasacha, monatóireacht comhshaoil, sábháilteacht bhia, agus meáin sruthaithe thar líonraí gan sreang faoi Chlár um Theorainneacha Taighde SFI do 11 comhlacht taighde.
- ▶ €25.7 milliún le haghaidh 27 tionscadal taighde i réimsí cosúil le fuinneamh gaoithe, aithint cáinte ríomhaire, teileachumarsáid, neamhoird athlastacha, tástáil ghéiniteach agus sláinte ainmhithe mar chuid de Chlár Príomhthaighdeora SFI.
- ▶ Leithdháileadh €9.69 milliún mar mhaoiniú ar an Institiúid um Leigheas Athghiniúnach (REMEDI) in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag díriú ar bhitheolaíocht gascheall a aistriú go teiripic athghiniúnach. Cuirfidh an dámhachtain ar chumas REMEDI torthaí taighde a thógáil ó chéad chéim a chuid feidhmíthe agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo trialacha cliniciúla le haghaidh teiripí agus cóireálacha nua do ghalair mheathlúcháin.
- ▶ Bronnadh 37 dámhachtain faoi chlár SFI um Chomhdháil agus Ceardlann arbh fhiú €258,972 iad in 2010. Bíonn tionchar an-dearfach ag na dámhachtainí seo trí chlú eolaíochta na hÉireann a fheabhsú, próifíl SFI a mhéadú mar urraitheoir imeachta ardchálíochta, mar aon leis an sineirge a bhaineann le Tionscal agus an Saol Acadúil a thabhairt le chéile ag imeachtaí.

▶ 29 togra Féidearthachta um Dhámhachtain Forbartha Nuálaíochta agus Teicneolaíochta (TIDA) i gcomhar le Fiontraíocht Éireann dar luach €1.2 milliún. Cuireann siad sin ar chumas grúpaí taighde arna maoiniú ag SFI díriú ar na céad chéimeanna de thionscadal taighde feidhmeach a bhféadfadh buntáistí tráchtála a bheith ag baint leis dá ndéanfai é a fhorbairt a thuilleadh.

▶ Fuair an Clár Rochtana Náisiúnta (NAP) ag Institiúid Náisiúnta Tyndall, Corcaigh tacaíocht €4.6 milliún d’fhonn leanúint lena chinntiú go gcuirtear an saineolas agus an bonn trealamh fairsing i Tyndall ar fáil don phobal taighde níos leithne. Tá ardmheas ar an gclár NAP agus bíonn aschuir foilseacháin shuntasacha, giniúint IP agus rannchuidiú le hoideachas eolaíochta i gceist leis. Tá an NAP tar éis rochtain a sholáthar do bhreis agus 440 taighdeoir ar fud na tíre cheana féin, agus cuireadh 241 tionscadal taighde TFC i gcrích i réimsí na Sláinte, an Fhuinnimh, an Chomhshaoil, na Cumarsáide agus na Ríomhaireachta. I measc na dtionscadal a rinne na hocht nOllscoil agus na seacht nInstitiúid Teicneolaíochta in Éirinn bhí samhaltú móilíneach próitéiní i gcealla aille, déantús nanastruchtúr chun feistí fótónaice síleacain a dhéanamh, agus déantús ardán micrishreabhánaice le haghaidh raon feidhmchlár bith-bhraite.



▶ Taighdeoir in REMEDI in OÉ, Gaillimh a dhíríonn ar bhitheolaíocht gascheall a aistriú go teiripic athghiniúnach. Tá caidreamh rathúil comhoibríoch ag an Institiúid cheana féin, a fuair tacaíocht in 2010, le Medtronic, atá ina cheannaire domhanda ó thaobh teicneolaíochtaí feiste leighis de; agus bunaíodh compháirtíochtaí nua le cuideachtaí FBM dúchasacha lena n-áirítear Creganna-Tactyx Medical, Procure, Ovagen, Proxy Biomedical, Ziel Biopharma agus EnBIO. .

Fógraí Reachtúla agus Eile

1 Comhaltaí Boird – Clár Leasanna

Feidhmíonn an Bord de réir na bprionsabal dea-chleachtas um rialachas corparáideach agus na dtreoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit, a d’eisigh an Roinn Airgeadais, ina chuid gníomhaíochtaí agus san úsáid a bhaineann sé as coistí araon. I gcomhréir leis na treoirlínte sin, cláraíonn Comhaltaí Boird SFI a gcuid leasanna i ngnóthais eile leis an Rúnaí.

2 An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Tháinig SFI faoi réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 ar an 1 Eanáir 2005. Tá SFI tar éis cloí le forálacha an Achta sin.

3 An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003

Tá an SFI mar chomhlacht forordaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ó 31 Bealtaine 2006. Cloíonn SFI go hiomlán leis an Acht. Ba chóir iarratais le haghaidh faisnéise faoin Acht seo a dhíriú ar an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, SFI, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

4 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann SFI faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobail Eorpacha (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002. Tá sé ina bheartas ag SFI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta sainiúla ar bun le cur ar a chumas rianú a dhéanamh ar na sonraisc go léir agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an spriocdháta. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Ní raibh aon íocaíochtaí déanacha i rith 2010.

5 Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tacaíonn SFI go hiomlán le prionsabal na gcomhdheiseanna fostaíochta. Tá sé i gcoinne gach cineál idirdhealaithe ar bhonn dath, cine, náisiúntacht, claonadh gnéasach, bunús eitneach nó náisiúnta (agus/nó áit dúchais), reiligiún, inscne,

stádas pósta, aois nó míchumas. Tá tiomantas SFI do chomhdheiseanna a chur i bhfeidhm léirithe ina beartais, ina cleachtas agus ina nósanna imeachta, m.sh. earcaíocht, ardú céime, oiliúint, teanga neamh-idirdhealaitheach a úsáid i ndoiciméid agus foilseacháin de chuid na cuideachta. Is é an cuspóir ná a chinntiú go roghnaítear an fhoireann ar fad agus go gcaítear leo ar bhonn a gcumas, a n-eolas agus a gcáilíochtaí amháin.

6 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989

De réir an Achta thuas, cuireann SFI, i gcomhar le Forfás, bearta cuí i bhfeidhm chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus na gcuariteoirí go léir ina hoifigí a chosaint.

7 Cairt Chliaint

Tá Cairt Cliaint foilsithe ag an SFI ag leagan amach a tiomantas do sheirbhís ardcháilíochta. Áirítear nós imeachta chun déileáil le gearáin sa Chairt seo. Ní bhfuarthas gearán ar bith faoin gCairt in 2010.

8 Éifeachtúlacht Fuinnimh

Faoi Ionstraim Reachtúil (IR) 542, 2009 tá dualgais shainiúla tuairiscithe fuinnimh ag an earnáil phoiblí. Tá oifigí SFI lonnaithe i dTeach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Déanann Forfás na saoráidí foirgnimh a bhainistiú. I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhísí don fhoirgneamh, tá SFI sásta go ndéanann Forfás a dhícheall na modhanna is tíosaí ar fhuinneamh agus is fearr don chomhshaol a chur i bhfeidhm. I gcomhréir leis an IR, cuimsítear sonraí i dtuarascáil bhliantúil agus ráiteas cuntais 2010 de chuid Fhorfás ar úsáid fuinnimh san fhoirgneamh, na gníomhartha a nglacadh leo in 2010 chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú san fhoirgneamh agus na gníomhartha atá á moladh chun an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú a thuilleadh in 2011.

9 Cruinnithe Boird/Tinreamh

Tá 12 comhalta ar Bhord SFI, arna gceapadh ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, de réir mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Is é cúigear comhaltaí an Córam do Bhord SFI. Tionóladh na sé chruinniú seo a leanas de Bhord SFI sa bhliain 2010:



Dáta	Líon an Lucht Freastail
25/26 Eanáir 2010	12
29 Márta 2010	12
24 Bealtaine 2010	11
19 Iúil 2010	11
4 Deireadh Fómhair 2010	11
6 Nollaig 2010	11

I Nollaig 2010, laghdaíodh ballraíocht an Bhoird go 11 de bharr gur imigh an tOll. Frank Gannon, a bhí ina Ard-Stiúrthóir, ar scor, agus ceapadh Comhalta Boird, John Travers, mar Ard-Stiúrthóir eatramhach.

Ainm an Stiúrthóra	Nótaí	Tinreamh ag Cruinnithe Boird (6 chruinniú)	Táillí €
An tOll. Pat Fottrell		6	21,600
An Dr. Jim Mountjoy		6	12,600
An tUas. Sean Aherne	Cuimsítear leis seo riaráistí a íoc le haghaidh 2009	6	13,463
An tUas. Tom Boland		6	0
An Dr. Rita Colwell	Rannpháirtíocht trí ghlaos comhdhála ó na SA do 1 Cruinniú Boird	6	12,600
An Dr. Pat Duane (b)	Incháilithe le freastal ar 2 chruinniú	2	3,219
An tOll. Frank Gannon (c)	Incháilithe le freastal ar 5 chruinniú	5	10,722
Bernie Cullinan Uasal	Cuimsítear leis seo riaráistí a íoc le haghaidh 2009	6	13,463
An tUas. Peter MacDonagh		6	12,600
An Dr. Martina Newell-McGloughlin		6	12,600
An tUas. Martin Shanagher (a)(b)		6	0
An tUas. John Travers		6	12,600
An Dr. Don Thornhill (a)	Incháilithe le freastal ar 4 chruinniú	3	7,100

- a) De réir an phróisís ata leagtha amach in Ailt 9(3) agus 9(4) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 a bhaineann le Ballraíocht Boird, roghnaíodh na Comhaltaí Boird seo a leanas le dul ar scor mar na comhaltaí is faide seirbhíse:

- An tUas. Martin Shanagher; agus
- an Dr. Don Thornhill.

CÁS-STAIÉAR 09

Tionscadal Taighde Disney agus Tionscadal um Léirshamlú Spóirt de chuid Clarity



Tá taighde á dhéanamh ag Disney agus CLARITY, CSET de chuid SFI, chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí nua ina bhféadfaí úsáid a bhaint as líon iomadúil ceamaraí, dosaenacha fiú, chun craoladh ardleibhéil na mórimeachtaí lúthchleasaíochta a fheabhsú.

Déantar iniúchadh sna tionscadail freisin ar an gcaoi ar féidir le córais dá leithéidí deiseanna a sholáthar chun lucht leanúna méadaithe a fhorbairt i spóirt a bhfuil níos lú cáil orthu, chun breathnú ar spóirt óige go cianda, agus ar an gcaoi ar féidir le cóitseálaithe leas a bhaint as staitisticí agus áiseanna amhairc feabhsaithe. D'fhéadfaí an taighde a chur i bhfeidhm go forleathan i gcúrsaí spóirt agus craolta agus d'fhéadfadh sí deiseanna nua a chruthú do ESPN, an chuideachta siamsaíochta spóirt ilmheánach agus ilnáisiúnta is mó ar domhan, a bhfuil 80% de faoi úinéireacht Walt Disney Company.



- b) Rinneadh an tUas. Martin Shanagher a athcheapadh le héifeacht ón 25 Iúil 2010 agus rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ceapachán nua, an Dr. Pat Duane, ar an 29 Meán Fómhair 2010.
- c) D'imigh an tOll. Frank Gannon ar scor óna phost mar Ard-Stiúrthóir SFI le héifeacht ón 5 Nollaig 2010.

10 Comhaltaí de Choistí an Bhoird 2010

10.1 Foghrúpa an Bhoird um Dheontais Chláir

An Dr. Martina Newell-McGloughlin (Cathaoirleach), an tOll. Frank Gannon, an tUas. Peter MacDonagh, an Dr. Gary Crawley, an Dr. Rita Colwell agus an Dr. Eucharía Meehan.

10.2 Coiste Iniúchóireachta SFI

An Dr. Jim Mountjoy (Cathaoirleach), an Dr. Don Thornhill, an tUas. Aidan Hodson, an tUas. Sean Aherne, Bernie Cullinan Uasal, an Dr. Pat Duane agus an tUas. Tom Boland.

10.3 Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair

An tOll. Patrick Fottrell (Cathaoirleach), an tUas. Sean Aherne, an tUas. Martin Shanagher agus an tUas. John Travers.

10.4 Cruinnithe Fhochoiste an Bhoird

1. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta.
2. Bhí cúig chruinniú (fíorúil) ag Foghrúpa an Bhoird um Dheontais Chláir.
3. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair

11 Costais an Bhoird

Bhí costais iomlána an Bhoird cothrom le €51,958 le haghaidh 2010. Is féidir briseadh síos ar na costais sin a fheiceáil sa tábla thíos.


Teideal Caiteachais	€
Taisteal Thar Lear (comhaltaí thar lear ag freastal ar chruinnithe Bhoird)	€44,482
Taisteal Intíre	€4,183
Cóiríocht/Cothabháil/Costais Deimhnithe	€3,293

12 Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra

D'imigh an tOll. Frank Gannon ar scor as a phost mar Ard-Stiúrthóir SFI le héifeacht ón 5 Nollaig 2010. Fuair an tOll. Gannon pinsean agus cnapshuim de réir teidlíochtaí na hearnála poiblí. Tá Forfás freagrach as cinneadh agus íocaíocht na dteidlíochtaí pinsin le baill foirne uile na Fondúireachta Eolaíochta atá ar scor.

Fuair an tOllamh Frank Gannon tuarastal dar luach €246,421 go dtí an 5 Nollaig 2010 mar aon le carr cuideachta faoi réir sochair chomhchineáil de €1,169. Níor íocadh aon bhónas ná aon íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht in 2010.

Ceapadh an tUas. John Travers mar Ard-Stiúrthóir ar SFI le héifeacht ón 6 Nollaig 2010, ar feitheamh ceapachán Ard-Stiúrthóra ar bhonn níos buaine. Ar an 31 Nollaig 2010 ní raibh íocaíochtaí ar bith déanta leis an Uas. Travers de bhrí nach raibh cinneadh déanta maidir leis an bpacáiste luacha saothair a bheadh ag gabháil leis an gceapachán seo.



Tá méadú ag teacht ar an éileamh ar charachtair fhíorúla níos réadúla, go háirithe le haghaidh cluichí ina mbíonn idirghníomhaíocht idir an t-úsáideoir agus duine fíorúil i gceist leo, mar aon le feidhmchláir siamsaíochta atá deartha chun dianmhothúcháin a spreagadh.

Sna Tionscail Chruthaitheacha, níl tuiscint imleor ar an gcaoi a ndéanann gnéithe inbhraite na gcarachtar fíorúil (m.sh. gothaí gnúise, tuineacha cainte nó gothaí coirp agus iad le chéile) rannpháirtíocht úsáideoirí a mhéadú. Baineann an tionscadal idirdhisciplíneach nua seo, arna stiúradh ag an Oll. Fiona Newell agus an Oll. Carol O'Sullivan ó Choláiste na Tríonóide, leas as grafaicí ríomhaire agus eolaíocht néarchórais sóisialta chognaíoch agus déantar iniúchadh ann ar phrionsabail na próiseála aireachtála daonna a chur i bhfeidhm d'fhonn uasmhéid mealltacht sóisialta a sholáthar do ghníomhairí fíorúla. Trí ghnéithe roghnaithe agus a gcuid comhcheangal ilchéadfach a aithint, déanfaidh an taighde ionsamhlú ar na gnéithe sin i ngníomhairí fíorúla ansin, agus cruthófar duine sóisialta 'in-chlaochlaithe'. Tá grúpa Choláiste na Tríonóide ag obair leis na páirtithe tionscail Intel agus Disney Research chun an obair a chur i bhfeidhm i réimsí na gcluichí, na sláinte agus na siamsaíochta.

Struchtúr Eagraíochtúil



Oifig an Ard-Stiúrthóra

Ard-Stiúrthóir
An tUas. John Travers



Foghrúpa an Bhoird um Dheontais Chláir


Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair

Coiste Iniúcháireachta

Ceann um Iniúchadh & Comhlíonadh
An tUas. **Jeremy Twomey**

Airgeadas agus Oibríochtaí

Príomhoifigeach Oibríúcháin
An tUas. **Donal Keane**



Eolaíochtaí beatha

Stiúrthóir
An Dr **Stephen Simpson**




Fiontar & Gnóthaí Idirnáisiúnta

Stiúrthóir
An Dr **Ruth Freeman**



Beartas & Cumarsáid

Stiúrthóir
An Dr **Graham Love**



An Stiúrthóireacht um Theicneolaíochtaí Faisnéise, Cumarsáide & Éiritheacha

Stiúrthóir
an tOll. **Fionn Murtagh**



Clár Tionscail Chomhoibríocha

Stiúrthóir
An Dr **Paul Dodd**



Comhaltaí Boird



1. An tOll. Patrick Fottrell

*Cathaoirleach,
Fondúireacht Eolaíochta Éireann*

2. An tUas. John Travers¹

*Ard-Stiúrthóir,
Fondúireacht Eolaíochta Éireann*

3. An Dr. Jim Mountjoy

*Leaschathaoirleach,
Fondúireacht Eolaíochta Éireann*

4. An tUas. Sean Aherne

*Bainisteoir Ginearálta,
Nedra Medpharma Ltd*

5. An tUas. Tom Boland

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
an tÚdarás um Ard-Oideachas*

6. An Dr. Rita R. Colwell

*Cathaoirleach,
Canon US Life Sciences, Inc.
Ollamh Oirice, Páirc an Choláiste um
Ollscoil Maryland agus Scoil Sláinte
Phoiblí Bloomberg de chuid Ollscoil
Johns Hopkins*

7. Bernie Cullinan Iníon

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
Clarigen*

8. An Dr. Pat Duane

*Bainisteoir Ginearálta agus Leas-
Uachtarán na Forbartha Corparáidí,
Creganna Tactx Medical*

9. Peter MacDonagh

Comhairleoir Taighde

10. An Dr. Martina Newell-McGloughlin

*Stiúrthóir,
Clár Taighde agus Oideachais um
Biteicneolaíocht Córas Leathan de
chuid Ollscoil California, Comh-
Stiúrthóir, Clár Oiliúna NIH i
dTeicneolaíocht Bhithmhóilíneach*

11. An tUas. Martin Shanagher

*Rúnaí Cúnta,
An Rannóg Nuálaíochta agus
Infheistíochta, An Roinn Post, Fiontar
agus Nuálaíochta*

1. Ceapadh John Travers mar Ard-Stiúrthóir eatramhach i mí na Nollag 2010 tar éis don Oll. Frank Gannon dul ar scor.



Ráitis
Airgeadais
Bhliantúla
2010

31 Nollaig 2010

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Táim tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, na Beartais Chuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn na ráiteas airgeadais a bheith á n-ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus ag teacht leis an gCleachtas Cuntasáíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh tagraím do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit.

Déanaim an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í agus dearbhú réasúnach go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaos nó earráid é. Cuimsítear leis sin measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil na beartais chuntasáíochta feiliúnach do chúinsí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus cé acu ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go himleor réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh le linn do na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar mhaithe le haon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíríteis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim mo mhachnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

Is é mo thuairim ná go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir an Chleachtas Chuntasáíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éireann, léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann amhail ag 31 Nollaig 2010 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim ná gur choinnigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann leabhair chuntais chúí. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

Tuairiscím de réir eisceachta mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, má tógadh faoi deara san iniúchadh nach raibh airgead á úsáid do na cuspóirí a leagadh síos nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó mura bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil Bhliantúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain inar ullmhaíodh na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag comhlíonadh an Chóid Chleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit, nó sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a stiúradh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú orthu de réir eisceachta.



John Buckley
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
19 Meitheamh 2010

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Do Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2010

De réir Alt 24 (2) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003 ní mór d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann gnáthchuntais chuí a choimeád den airgead go léir a fhaigheann sí agus a chaitheann sí, i bhfoirm a d'fhéadfadh a bheith faofa ag an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta le toiliú ón Aire Airgeadais, agus, go háirithe, na cuntais speisialta go léir a choimeád san fhoirm réamhluaithe de réir mar a d'fhéadfadh an tAire a threorú ó am go ham. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aici, ní mór d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin i gcás nach bhfuil sé cuí a thiomhniú go leanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar aghaidh ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó Chaighdeáin Chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtar a staid airgeadais go réasúnta cruinn ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le riachtanais fhoriomlána Alt 24 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Tá na leabhair chuntais seo lonnaithe ag ceanncheathrú na Fondúireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:



Patrick Fottrell
Cathaoirleach



John Travers
Ard-Stiúrthóir

Date: 16 Bealtaine 2011

Date: 16 Bealtaine 2011

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais.

Féadfaidh an córas seo dearbhú réasúnach, seachas dearbhú absalóideach, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead go cuí, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Tá an Bord tar éis tabhairt faoi roinnt beart chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ag gach leibhéal den eagraíocht

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord freisin chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Oibriú i gcomhar leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla d'fhonn a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar chuspóirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar aon le tacaíocht do na straitéisí atá leagtha síos ag an nGníomhaireacht chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh
- Éileamh a dhéanamh ar bhainistíocht shinsearach próisis mheasúnaithe riosca agus bhainistithe riosca a chur i bhfeidhm don Choiste Iniúcháireachta
- Athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha gearr agus fadtréimhseacha agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na phleananna sin a chur i gcrích
- Spriocanna bliantúla a shocrú do gach réimse dár ngnó mar aon le tuairisciú rialta a dhéanamh ar na torthaí a bhaintear amach

Tá córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat de bhainistíocht rialta faisnéise, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord athbhreithniú air mar aon le comhaontú air
- Athbhreithnithe ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- Disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail
- Treoirí rialaithe maidir le hinfheistíocht chaipitil atá sainmhínithe go soiléir

Tá feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí bunaithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, de réir an Chreata atá sonraithe sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a thuiriscíonn go díreach don Choiste Iniúcháireachta. Comhaontaíonn an Coiste Iniúcháireachta plean oibre bliantúil Iniúcháireachta Inmheánaí. Bíonn obair na hiniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí a bhíonn os comhair an chomhlachta. Buaileann an Coiste Iniúcháireachta le chéile sé huairé in aghaidh na bliana agus déanann sé athbhreithniú ar thoradh na n-iniúchtaí sonracha inmheánacha agus ar oiriúnacht agus ar éifeachtacht leanúnach an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Tarraingíonn na tuarascálacha seo aird ar easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chórais um rialú inmheánach airgeadais agus ar na bearta ceartaitheacha molta ar cheart a chur i bhfeidhm nuair is gá.

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair an Iniúcháira Inmheánaigh agus an Choiste Iniúcháireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháira Inmheánaigh, cumas rialaithe na mbainisteoirí Feidhmiúcháin laistigh de SFI atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata airgeadais, agus ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bainistíochta.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais le haghaidh 2010.

Sínte thar ceann an Bhoird



Patrick Fottrell
Cathaoirleach

Beartais Chuntasaíochta

(1) Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir an choinbhinsiúin chostais stairiúil san fhoirm atá faofa ag an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta le comhthoilíú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe, seachas mar a shonraítear anseo thíos agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis. Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, a mholann Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

(2) Aitheantas Ioncaim

Is ionann an t-ioncam ó Dheontas an Oireachtais agus fáltais airgid iarbhír sa bhliain.

(3) Sócmhainní Seasta

Sonraítear Sócmhainní Seasta ag costas, lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar thréimhse mheasta a saolta úsáideacha (féach Nóta 5).

(4) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil cistí a úsáideadh le haghaidh ghnóthú na Sócmhainní Seasta agus scríobhtar síos é de réir an bheartais dímheasa le haghaidh na sócmhainní seo.

(5) Airgeadra Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá in airgeadra coigríche ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunúsach.

(6) Aoisliúntas

Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar ghníomhaireacht de Forfás de réir Alt 6 (1) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. De réir an dlí, is baill foirne de chuid Forfás iad comhaltaí foirne na Fondúireachta, baill foirne a thugtar ar iasacht don bhFondúireacht, agus dá réir sin, faoi Alt 2 agus 3 den Dara Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail 1993, tá Forfás freagrach as teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe uile. Ullmhaíonn agus riarann Forfás scéimeanna pinsin d'fhonn teidlíochtaí pinsin a bhronnadh ar a fhostaithe, lena n-áirítear foireann atá ar iasacht chuig Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá Forfás freagrach freisin as riachtanais tuairiscithe pinsean, lena n-áirítear iad siúd leagtha amach faoi FRS 17.

(7) Léasanna Oibriúcháin

Tugtar cuntas ar nithe atá ar cíos faoi léasanna oibriúcháin de réir mar a bhíonn siad dlite.

(8) Íocaíocht Deontais Taighde

Gearrtar suimeanna a íoctar le hInstitiúidí Taighde maidir le deontais taighde ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain eisithe.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €'000	2009 €'000
Ioncam			
Oireachtas Grant	1	158,705	180,398
Ioncam Eile	2	148	125
		158,853	180,523
Caiteachas			
Pá	3	4,328	4,545
Costais Riaracháin	4	3,925	4,401
Dímheas	5	121	115
Deontais	6	150,135	171,301
		158,509	180,362
Barrachas Glan don Bhliain		344	161
Iarmhéid ag tús na Bliana		126	115
Aistriú (chuig an) gCuntas Caipitil	7	(133)	(150)
Barrachas Carntha ag deireadh na Bliana		337	126

Níl aon ghnóthachain nó cailteanais aitheanta, seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasáíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 14.

Thar ceann an Bhoird:



Patrick Fottrell
Cathaoirleach

Date: 16 Bealtaine 2011



John Travers
Ard-Stiúrthóir

Date: 16 Bealtaine 2011

Clár Comhardaithe

Amhail ag 31 Nollaig 10

	Nótaí	2010 €'000	2009 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	416	283
Sócmhainní Reatha			
Airgead Tirim sa Bhanc		538	266
Cuntais Infhála	8	111	64
		649	330
Cuntais Iníoctha	9	312	204
Glansócmhainní Reatha		337	126
Glansócmhainní		753	409
Ionadaithe Ag:			
Capital Account	7	416	283
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		337	126
		753	409

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 14.

Thar ceann an Bhoird:



Patrick Fottrell
Cathaoirleach

Date: 16 Bealtaine 2011



John Travers
Ard-Stiúrthóir

Date: 16 Bealtaine 2011

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €'000	2009 €'000
Réiteach an Bharrachais/(Easnaimh) don Bhliain chuig Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí			
Barrachas don Bhliain		344	161
Ús Bainc	2	(12)	(16)
Muirear Dímhheasa	5	121	115
(Méadú)/Laghdú i gCuntais Infhála	8	(47)	91
Méadú/(Laghdú) i gCuntais Iníochtha	9	108	(95)
Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		514	256
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid			
Net Cash Flow from Operations		514	256
Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí			
- Ús Bainc	2	12	16
Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil		526	272
Cistiú Caipitil			
- Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	(254)	(265)
Méadú ar Airgead Tirim		272	7
Réiteach an Mhéadaithe ar Airgead Tirim go hAirgead Tirim sa Bhanc			
Gluaiseacht in Airgead Tirim don Bhliain		272	7
Airgead Tirim sa Bhanc ar 01 Eanáir		266	259
Airgead Tirim sa Bhanc ar 31 Nollaig		538	266

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	2010 €'000	2009 €'000
1 Deontas an Oireachtais		
Pá	4,503	4,677
Costais Riaracháin	4,202	4,540
Deontais Taighde	150,000	171,181
	158,705	180,398

Faoi Alt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail 1993, arna leasú ag Alt 4 (a) den Acht um Fhorbairt Tionscail 2009, ní sháróidh líon comhiomlán na ndeontas déanta ag an Aire le Forfás agus a Ghníomhaireachtaí, le cur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí agus dliteanas a dhíscaoileadh, €7,000,000,000. Ag an 31 Nollaig 2010 bhí an líon comhiomlán a faomhadh cothrom le €3,998,011,030

2 Ioncam Eile

Ús Bainc	12	16
Ciste Nano Science an AE	-	109
Johnson & Johnson Services Inc – Comhchiste Chlár Dámhachtana na Nuálaíochta Cúram Sláinte (HIPA)*	73	-
An Bord Taighde Sláinte – Comhchiste Chomhpháirtíocht T & F na SA/Éire*	63	-
Iomlán	148	125

Ranníocaíochtaí faighte mar chuid de mhaoiniú HIPA agus cláir na Stát Aontaithe/Éire le tacaíocht ó SFI. Caitheadh na cistí seo mar chuid de na híocaíochtaí Iomlána Deontais in 2010, cistí ar fiú €150,135,000 iad.

3 Pá

Cuimsíonn Costais Íocaíochta:

Pánna agus Tuarastail	3,991	4,184
Costais Leasa Shóisialaigh	327	351
Costais Aoisliúntais	10	10
Iomlán	4,328	4,545

Poist Cheadaithe	54	54
Fostaithe Lánaimseartha (ag deireadh na bliana)	49	54
Foireann Sealadach Fostaithe (ag deireadh na bliana)	-	-
Iomlán	49	54

Bhain Fondúireacht Eolaíochta Éireann tobhaigh phinsin arbh fhiú €286,898 (2009: €263,115) iad ó fhostaithe, tobhaigh a íocadh leis an Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta (D/JEI).

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	2010 €'000	2009 €'000
4 Costais Riaracháin		
Luach Saothair agus Costais na gComhaltaí Boird - (féach thíos)	186	162
Bainistíocht Clár	1,061	1,245
Áiseanna	876	834
Táillí Gairmiúla	262	419
Promóisean Margaíochta & Caidreamh Poiblí	739	917
Tacaíocht & Infreastruchtúr TF	337	325
Costais Taistil & Chothabhála	152	121
Bainistíocht AD	97	157
Troscán & Trealamh Oifige	16	6
Costais Ghinearálta Oifige	184	194
Táille Iniúchóireachta	15	21
Iomlán	3,925	4,401

4(a) Luach Saothair agus Costais an Bhoird

	2010 Luach Saothair €'000	2009 Luach Saothair €'000
Comhaltaí Boird		
Sean Ahearne	13	8
Tom Boland	0	0
Rita Colwell	13	13
Bernie Cullinan	13	0
Patrick Fottrell (Cathaoirleach)	22	22
Frank Gannon*	11	13
Helen Keelan	0	8
Pater MacDonagh	13	13
Martina Newell McGloughlin	13	13
James Mountjoy	13	13
Martin Shanagher	0	0
John Travers**	13	13
Don Thornhill***	7	13
Pat Duane***	3	0
Iomlán	134	129
Costais na gComhaltaí Boird	52	33
	186	162

Fuarthas fógra in Eanáir 2011 go raibh Táillí an Bhoird laghdaithe faoi 5%, a bhí siardhátaithe go dtí 1 Eanáir 2010. Rinneadh an coigeartú cuí in 2011. Tá an coigeartú iomlán cothrom le €7,090.

Bhí costais na gComhaltaí Boird cothrom le €51,958 in 2010, bhain €44,482 de na costais sin le taisteal coigríche, go háirithe le triúr comhaltaí Boird thar lear, beirt atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, agus bhain €4,183 de na costais le taisteal agus míleáiste intíre. Costais chóiríochta, chothabhála agus theagmhasacha atá i gceist leis an €3,293 eile.

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

4(a) Luach Saothair agus Costais an Bhoird ar lean

* Chuaigh an tOllamh Frank Gannon ar scor mar Ard-Stiúrthóir ar SFI le héifeacht ón 5 Nollaig 2010. Fuair an tOllamh Gannon pinsean agus cnapshuim de réir a chuid teidlíochtaí seirbhíse poiblí. Tá Forfás freagrach as cinneadh agus íocaíocht na dteidlíochtaí pinsin le baill foirne uile na Fondúireacht Eolaíochta atá ar scor.

Fuair an tOllamh Frank Gannon tuarastal dar luach €246,421 go dtí an 5 Nollaig 2010 mar aon le carr cuideachta faoi réir sochair chomhchineáil de €1,169. Níor íocadh aon bhónas ná aon íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht in 2010.

**Ceapadh an tUas. John Travers mar Ard-Stiúrthóir ar SFI le héifeacht ón 6 Nollaig 2010 ar feitheamh ceapachán Ard-Stiúrthóra ar bhonn níos buaine. Ar an 31 Nollaig 2010, ní raibh íocaíochtaí ar bith déanta leis an Uas. Travers de bhrí nach raibh cinneadh déanta maidir leis an bpacáiste luacha saothair a bheadh ag gabháil leis an gceapachán seo.

***Chuaigh an tUas. Don Thornhill ar scor as a ról ar an mBord ar an 25 Iúil 2010 agus ba é an tUas. Pat Duane a ceapadh ar an 29 Meán Fómhair 2010 a tháinig i gcomharba air.

5 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh	Bogearraí	Forbairt Bogearraí		Suiteacha & Feistis	Iomlán
	Ríomhaireachta	Ríomhaireachta	Ríomhaireachta	Mótarfheithiclí	Feistis	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas						
Amhail ag 1 Eanáir 2010	650	383	119	47	201	1,400
Breiseanna	80	-	174	-	-	254
Diúscairtí	(86)	-	-	-	(4)	(90)
Amhail ag 31 Nollaig 2010	644	383	293	47	197	1,564
Dímheas						
Amhail ag 1 Eanáir 2010	529	383	-	23	182	1,117
Muirear don Bhliain	101	-	-	12	8	121
Diúscairtí	(86)	-	-	-	(4)	(90)
Amhail ag 31 Nollaig 2010	544	383	-	35	186	1,148
Glanmhéid Leabhar						
Amhail ag 1 Eanáir 2010	121	-	119	24	19	283
Glanghluaiseacht don Bhliain	(21)	-	174	(12)	(8)	133
Amhail ag 31 Nollaig 2010	100	-	293	12	11	416

Díscróbhtar costas na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe i dtráthchodanna cothroma thar thréimhse mheasta a saolta úsáideacha mar seo a leanas:

- (i) Trealamh Ríomhaireachta & Bogearraí Ríomhaireachta 3 bliana
- (ii) Mótarfheithiclí 4 bliana
- (iii) Suiteacha & Feistis 5 bliana

Tabhair faoi deara: Déantar Forbairt Bhogearraí Ríomhaireachta a dhímheas tráth a gcoimisiúnaithe amháin.

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	2010 €'000	2009 €'000
6 Deontais		
(a) Anailís ar Dheontais Íoctha		
Deontais Bhiteicneolaíochta	69,550	76,494
Deontais Theicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide	70,384	66,485
Deontais um Theorainneacha Taighde	10,201	22,710
Charles Parsons – féach Nóta 6 (c) thíos	-	5,612
Iomlán	150,135	171,301

Tá deontais iníoctha le hinstiúidí tríú leibhéal na hÉireann chun tionscadail bhunúsacha taighde den chéad scoth a chur i gcrích.

(b) Ceangaltais Deontais (Charles Parsons san áireamh)

Ceangaltais Deontais Gan Íoc ag 01 Eanáir	399,686	477,623
Deontais Faofa i rith na bliana	122,898	96,016
Dámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons (féach 6 (c) thíos)	-	11,809
Dídhílisithe i rith na bliana	(10,975)	(12,201)
Íocaíochtaí Deontais i rith na bliana	(150,135)	(165,688)
Íocaíochta Dámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons (féach 6 (c) thíos)	-	(7,873)
Ceangaltais Gan Íoc amhail ag 31 Nollaig	361,474	399,686

(c) Dámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons

Buncheangaltais Dámhachtana - 2006	-	19,682
Íocaíochtaí Deontais (Sular ghlac SFI freagracht)	-	(7,873)
Luach na nDámhachtainí Charles Parsons glactha ag SFI	-	11,809
Íocaíochtaí Dámhachtana (Nollaig 2009 – Poblacht na hÉireann) – Íoctha ag SFI	-	(5,612)
Íocaíochtaí Dámhachtana (Nollaig 2009 – Tuaisceart Éireann)*	-	(2,261)
Íocaíochtaí Dámhachtana tar éis gnóthaithe ag SFI	-	(7,873)
Ceangaltais Deontais Parsons Gan Íoc 31 Nollaig 2010**	3,936	3,936

*Íoctha ag DETI

**Tá €1,130,112 den tsuim seo iníoctha le comhlachtaí taighde i dTuaisceart Éireann Bhronn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) Dámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons ar sheacht thaighdeoir i sé institiúid taighde sa bhliain 2006. Tá dhá cheann de na hinstiúidí taighde, Ollscoil Uladh agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, lonnaithe i dTuaisceart Éireann.

Bronnadh na dámhachtainí uile i Euro.

I mí na Nollag 2009, sannadh freagracht do dhámhachtainí Charles Parsons ó RCFAN go DJEI. D'iarr DJEI go ndéanfadh SFI bainistiú agus riaradh foirmiúil ar dhámhachtainí Charles Parsons don méid a bhí fágtha dá dtéarmaí cuí.

Rinneadh an dara tráinse íocaíochtaí do dhámhachtainí Charles Parsons i mí na Nollag 2009. D'íoc DJEI na hinstiúidí taighde i dTuaisceart Éireann agus d'íoc SFI na hinstiúidí i bPoblacht na hÉireann.

Ní dhearnadh íocaíochtaí ar bith in 2010 de bhrí go bhfuil chéad tráthchodanna eile atá le déanamh, ar fiú €3,936,000 iad, dlite in 2013. Is iad seo na híocaíochtaí deireanacha a dhéanfar i ndáil leis na dámhachtainí seo.

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	2010 €'000	2009 €'000
7 Cuntas Caipitil		
Amhail ag 1 Eanáir	283	133
Tarchur ón/(chuig an) gCuntas Ioncaim & Caiteachais		
- Chun maoiniú a dhéanamh ar éadálacha Sócmhainne Seasta	254	265
- Costas na nDiúscairtí	(90)	-
- Amúchta de réir dímheasa sócmhainne	(121)	(115)
- Dímheas ar Dhiúscairtí	90	-
Glanghluaiseacht	133	150
Amhail ag 31 Nollaig	416	283
8 Cuntais Infhála		
Féichiúnaithe Ginearálta	14	5
Réamhíocaíochtaí	97	59
Iomlán	111	64
9 Cuntais Iníochta		
Creidiúnaithe Ginearálta	1	1
Fabhruithe	248	185
Iarmhéid Idirghníomhaireachta	63	18
Iomlán	312	204

Baineann an Iarmhéid Idirghníomhaireachta leis an Iarmhéid atá le híoc ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann le Forfás ag an 31 Nollaig 2010, arb é atá i gceist ná an difríocht idir an tsumi a d'íoc Fondúireacht Eolaíochta Éireann le Forfás agus an t-airgead iarbhair a chaith Forfás thar ceann Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

10 Ceangaltais faoi Léasanna Oibriúcháin

Is tionóntaí de chuid Forfás i dTeach Pháirc Wilton í Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus faoi láthair níl ceangaltais ar bith aici faoi léasanna oibriúcháin ar an bhfoirgneamh, ach íocann sí cíós le Forfás mar ranníocaíocht leis na costais léasa arna dtabhú ag Forfás.

11 Cánachas

Ioncaim & Caiteachais.

Tá SFI faoi dhlianas cánacha fostóra a íoc in Éirinn agus comhlíonann sé le hoibleagáidí siarchoinneála, tuairiscithe agus íocaíochta gaolmhara.

12 Comhaltaí Boird - Nochtadh na nIdirbheart

imeachta atá faoi réir na dtreoirlínte eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis cloí leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.

13 Teagmhais agus Gníomhaíochtaí Dlíthiúla

Níl teagmhais ná gníomhaíochtaí dlíthiúla ar bith a bhfuil foráil ar leith de dhíth orthu sna Ráitis Airgeadais.

14 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann na Ráitis Airgeadais ar an 16 Bealtaine 2011.

Ceangaltais Deontais agus Anailís Íocaíochtaí 2010

Íocaíochtaí 2010 de réir Institiúide

	€'000
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	31,146
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	30,473
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	19,238
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	18,512
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	16,874
Institiúid Náisiúnta Tyndall	11,523
Ollscoil Luimnigh	8,224
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	5,851
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn	4,147
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	1,677
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	1,181
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	429
Teagasc	417
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	167
Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta	165
Institiúid Teicneolaíochta Shligigh	111
Móriomlán	150,135

Íocaíochtaí 2010 de réir Clár

	€'000
Imscrúdaitheoirí	53,098
CSET	36,891
SRC	21,019
An Clár um Theorainneacha Taighde	12,748
STOKES	9,238
Tionscnamh Matamaitice	3,409
PIYRA	2,587
Lárionaid	2,922
TIDA-HIPA	1,892
Ollúnacht Taighde	1,346
UREKA	1,274
Innealtóireacht Clár Ollúnachta agus Léachtóireachta	832
Comhpháirtíocht T&F SA-Éire	769
SIRG	717
Fordheontais	584
PICA	287
Comhdháil & Ceardlann	236
Walton	153
WISER	93
NanoSci-E+ Transnational Call	40
Iomlán	150,135

Tabhair faoi deara go bhfuil dámhachtainí áirithe atá faighte ag OÉ Gaillimh á gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ag Cistí Struchtúir AE an Chreata Tagartha Straitéisigh Náisiúnta (NSRF).



Ceangaltas Deontais 2010 de réir Clár

	€'000
Imscrúdaitheoirí	69,011
CSET	19,137
SRC	15,637
Clár um Theorainneacha Taighde	8,578
Lárionaid	4,660
TIDA-HIPA	2,099
PIYRA	1,506
Comhpháirtíocht T&F SA-Éire	1,114
PICA	631
Comhdháil & Ceardlann	259
Fordheontas Ginearálta	189
WISER – Socrúchán Samhraidh	44
Fordheontas Máithreachais	33
Móriomlán	122,898

An Líon Dámhachtainí 2010 de réir Institiúide


	Líon na nDeontas
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	52
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	49
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	26
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	21
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	19
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn	15
Ollscoil Luimnigh	15
Institiúid Náisiúnta Tyndall	12
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	11
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	2
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	2
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	2
Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta	1
Teagasc	1
Móriomlán	228

An Líon Dámhachtainí 2010 de réir Cláir

	Líon na nDeontas
Imscrúdaitheoirí	70
TIDA-HIPA	53
Clár um Theorainneacha Taighde	47
Comhdháil & Ceardlann	37
WISER – Socrúchán Samhraidh	8
Comhpháirtíocht T&F SA-Éire	4
PIYRA	2
SRC	2
Lárionaid	1
CSET	1
Fordheontas Ginearálta	1
Fordheontas Máithreachais	1
PICA	1
Móriomlán	228


Ceangaltas Deontais 2010 de réir tionscail

	€'000
Agraibhia	3,404
Biteicneolaíocht/Bitheolaíochtaí	25,362
Crua-earraí Ríomhaireachta, Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaic	6,261
Fuinneamh agus Comhshaol	12,458
Ábhair	18,976
Teicneolaíochtaí Leighis	34,508
Eile	3,831
Cógaisíocht	7,605
Bogearraí agus Seirbhísí Ríomhaireachta eile	7,693
Teileachumarsáid	2,800
Iomlán	122,898



Ceangaltas Deontais 2010 de réir Earnála

	€'000
Talmhaíocht	1,152
Bithcheimic	4,349
Bithleigheas	11,471
Ceimic	11,945
Eolaíochtaí Ríomhaireachta & Faisnéise	10,149
Domhaneolaíochtaí & Eolaíochtaí Comhshaoil	1,307
Fuinneamh	9,618
Innealtóireacht	6,618
Géineolaíocht & Géanómaíocht	5,422
Imdhíonacht & Ionfhabhtú	3,412
Eolaíocht na nÁbhar	11,789
Matamaitic	1,442
Micribhitheolaíocht	2,427
Bitheolaíocht Mhóilíneach & na gCeall	18,787
Córais Líonraithe & Chumarsáide	2,186
Eolaíocht Néarchórais & Iompraíocht	4,843
Fisic	15,821
Eile	160
Iomlán	122,898



Research for Ireland's Future

Science Foundation Ireland
Wilton Park House
Wilton Place
Dublin 2
Ireland

t: + 353 1 607 3200

f: + 353 1 607 3201

e: info@sfi.ie

w: www.sfi.ie

